GA

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# 2024

## Iniúchadh AE i mbeagán focal

**Cur i láthair ar thuarascálacha bliantúla 2024 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa**

**CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA**
**12, rue Alcide De Gasperi**
**1615 Luxembourg**
**LUCSAMBURG**

**Teil. +352 4398-1**
**Fiosruithe: https://eca.europa.eu/ga/contact**
**Suíomh Gréasáin: https://eca.europa.eu**
**na Meáin shóisialta: @EUAuditors**

*NB: Tugtar do d'aire go bhféadfadh sé, mar gheall ar shlánú suas nó síos na n-uimhreacha, nach mbeadh na suimeanna atá tugtha mar 'iomlán' sna fíoracha atá sa doiciméad seo comhionann go baileach le suim na míreanna aonair.*

Tá tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an idirlíon (https://europa.eu).

GA

# 2024

# Iniúchadh AE i mbeagán focal

Cur i láthair ar thuarascálacha bliantúla 2024
ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

# Clár

Intreoir ón Uachtarán 4

Torthaí foriomlána 6

Príomhfhionnachtana 6

Tuairim 6

A raibh á iniúchadh againn 8

Buiséad AE 2024 i bhfigiúirí 8

Cén áit a dtagann an t-airgead as? 8

Cad air a chaitear an t-airgead? 8

Céard atá clúdaithe againn? 10

A bhfuil faighte amach againn 11

Tugann cuntais an Aontais léargas fíorcheart ar an staid airgeadais 11

Tá tuairim ghlan á heisiúint againn maidir le hioncam 11

Tá tuairim neamhfhabhrach á heisiúint againn maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais 12

Tá tuairim cháilithe á heisiúint againn maidir le caiteachas RRF in 2024 15

Amharc níos géire ar ár bhfionnachtana 17

Bainistiú buiséadach agus airgeadais 17

Torthaí a fháil ó bhuiséad an Aontais 29

Ioncam 33

An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach 36

Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna 40

Acmhainní Nádúrtha 46

Imirce agus Bainistiú Teorainneacha, Slándáil agus Cosaint 51

An Chomharsanacht agus an Domhan 55

An Riarachán Poiblí Eorpach 60

An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta 63

Obair leantach ar na moltaí a rinneadh inár dtuarascálacha speisialta ó 2021 69

Na Cistí Eorpacha Forbraíochta 71

Faisnéis chúlra 76

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus a cuid oibre 76

# Intreoir ón Uachtarán



Is í ár dtuarascáil bhliantúil an príomhtháirge a eisíonn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, ar foilseachán í sin a thugann léargas luachmhar ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus ar a réimsí beartais éagsúla. In éineacht lenár n-iniúchtaí comhlíontachta agus feidhmíochta, tugann sí tacaíocht dár ngeallsealbhóirí i múnlú bhuiséad an Aontais agus ina bpróisis chinnteoireachta. Á mheabhrú sin dúinn, tá Tuarascáil bhliantúil 2024 ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin bhuiséadacha atá ann don Aontas Eorpach faoi láthair agus freisin chun aghaidh a thabhairt go forghníomhach ar na dúshláin a bhfuiltear ag dréim leo sa tréimhse amach romhainn nuair a bheidh an CAI nua ann.

Tá tuairim ghlan á heisiúint againn i ndáil le cuntais 2024, rud a dheimhníonn arís eile go dtugann siad léargas cruinn ar staid airgeadais an Aontais. Ar an gcuma chéanna, tugtar le fios inár dtuarascáil bhliantúil go raibh ioncam an Aontais saor ó aon earráid ábhartha.

Tá ár meastachán ar an leibhéal earráide i gcaiteachas bhuiséad an Aontais ag 3.6 % (2023: 5.6 %) agus os cionn an leibhéil atá roghnaithe againn mar thairseach ábharthachta. Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil earráid ag déanamh difear do sciar suntasach dár bpobal iniúchóireachta, tá tuairim neamhfhabhrach á heisiúint againn i dtaca le caiteachas bhuiséad an Aontais.

Is é €167.9 billiún, ar an iomlán, a bhí inár bpobal iniúchóireachta don chaiteachas faoin mbuiséad ginearálta. Ba é 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna' ag 5.7 % (9.3 % in 2023) is mó a rannchuidigh leis an earráid ábharthach. Bhí leibhéal earráide measta de 2.6 % (2.2 % in 2023) ag gabháil le 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol'. Á dtógáil sin le chéile, tá an dá réimse caiteachais sin ag seasamh do dhá thrian dár bpobal iniúchóireachta. Maidir leis na cineálacha earráide is coitianta ar fud bhuiséad an Aontais, tá siad sin i gcónaí nasctha le tionscadail agus costais nach bhfuil incháilithe, agus freisin le cásanna nach bhfuil na rialacha soláthair phoiblí á leanúint.

Tá an múnla seachadta atá ann don tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) an-difriúil ón múnla atá ann don chaiteachas buiséadach traidisiúnta. Ní dhéantar costais iarbhír ná cloí le rialacha Eorpacha agus náisiúnta a chur san áireamh nuair a bhíonn íocaíochtaí á ndéanamh leis na Ballstáit. Go deimhin, is foinse mhór earráidí faoin mbuiséad traidisiúnta atá i gcásanna nach mbíonn na rialacha sin á gcomhlíonadh. I gcodarsnacht leis sin, is lú coinníollacha atá le comhlíonadh le haghaidh íocaíochtaí RRF. Níl de choinníoll ann ach go gcaithfidh garspriocanna agus spriocanna a bheith bainte amach go sásúil. Dá thoradh sin, ní féidir na torthaí ónár gcuid oibre ar RRF a chur i gcomparáid leis an mbuiséad traidisiúnta agus, dá bhrí sin, tá tuairim iniúchóireachta ar leithligh á heisiúint againn do chaiteachas RRF.

In 2024, ba é €59.9 billiún a bhí i gcaiteachas RRF. Chlúdaigh ár n-iniúchadh gach ceann de na 28 n-íocaíocht deontais faoi RRF, le luach iomlán de €53.5 billiún, mar aon le himréiteach an réamh-mhaoiniúcháin, le luach iomlán de €6.4 billiún. Shainaithin ár gcuid seiceálacha cásanna de gharspriocanna agus spriocanna a bhí nasctha le híocaíochtaí ach nach raibh bainte amach go sásúil, chomh maith le saincheisteanna a bhain le garsprioc a bheith aisiompaithe, le cistiú dúbailte agus le

tréimhsí incháilitheachta. Sa bhreis air sin, shainaithníomar cásanna de gharspriocanna agus spriocanna a bhí sainithe ar bhealach doiléir, chomh maith le laigí i measúnuithe *ex ante* an Choimisiúin. Ar an mbunús sin, tá tuairim cháilithe á heisiúint againn do chaiteachas RRF.

Faoi dheireadh 2024, bhí €178.5 billiún in íocaíochtaí deontais RRF eisíoctha ag an gCoimisiún, ar méid é sin atá ag seasamh do dhíreach 50 % d'iomlán na gcistí atá ar fáil – le níos lú ná dhá bhliain fanta sula dtiocfaidh deireadh le cur chun feidhme RRF i Nollaig 2026. Le déanaí, thapaíomar an deis le breathnú arís ar an obair mhór atá déanta againn ó bunaíodh an ionstraim shealadach sin in 2021, agus achoimre a thabhairt ar an obair sin, in athbhreithniú atá foilsithe againn. Tarraingíonn an t-athbhreithniú sin aird ar na príomhfhionnachtana agus ceachtanna a foghlaimíodh ó RRF agus tá sé leagtha amach ar shlí is go bhfónfadh sé mar bhonn faisnéise d'aon samhlacha seachadta féideartha nua nach mbeadh nasctha le costais.

Cé go n-aithnímid an ról a d'fhéadfadh a bheith ag na hionstraimí sin i mbuiséad an Aontais, cuirimid béim ar an bhfíoras nár chóir iad a úsáid as seo amach ach amháin nuair atá an cistiú nasctha go díreach le torthaí intomhaiste. Ba cheart go bhféadfaí iad a rianú siar go dtí costais iarbhír, agus tá sé ríthábhachtach ina ndearadh agus ina gcur chun feidhme nach mbaintear an bonn ó chuntasacht. Sa chás gur iasachtaíocht sa todhchaí a bheadh i gceist le hionstraimí den sórt sin, caithfidh an tAontas Eorpach na rioscaí a ghabhann le rátaí úis a mhaolú go héifeachtach agus plean aisíocaíochta soiléir a leagan síos ag an tús ina sonrófar na foinsí aisíocaíochta.

Tagraíonn Tuarascáil bhliantúil 2024 uainn freisin do na rioscaí atá nasctha le hiasachtaíocht le haghaidh CAInna sa todhchaí, go háirithe an t-ualach méadaitheach ó oibleagáidí iasachtaíochta NGEU. Faoi 2027, d'fhéadfadh iasachtaíocht an Aontais atá fós amuigh dul thar €900 billiún, beagnach deich n-oiread leibhéal 2020 sular tugadh isteach NGEU. Sa bhreis air sin, d'fhéadfadh iomlán an chaiteachais úis ar NGEU sa CAI reatha a bheith níos mó ná €30 billiún, arb in dúbailt ar an réamhaisnéis tosaigh de €14.9 billiún a bhí ag an gCoimisiún. Thairis sin, tarraingímid aird freisin ar na dúshláin atá ann don CAI reatha, amhail ionsú íseal i gcás cistí faoin mbainistíocht chomhroinnte agus méadú leanúnach ar an neamhchosaint do bhuiséad an Aontais.

Ós rud é go bhfuil an Creat Airgeadais Ilbhliantúil don tréimhse i ndiaidh 2027 á chur le chéile faoi láthair, tá athbhreithniú foilsithe freisin againn ina ndéantar anailís ar an seasamh atá tógtha ag an gCoimisiún Eorpach ina Theachtaireacht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, a d'fhoilsigh sé i bhFeabhra 2025. Cuireann an t-athbhreithniú sin béim ar na deiseanna atá ann chun feabhas a chur ar dhearadh an CAI trí shineirge níos mó a chothú idir beartais an Aontais agus a bhuiséad, a chinntiú go dtagann luach breise as caiteachas an Aontais, feabhas a chur ar sholúbthacht agus an creat a shimpliú. Caithfear é sin ar fad a dhéanamh gan dochar a dhéanamh do chuntasacht, trédhearcacht ná inrianaitheacht chistiú an Aontais.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom béim a chur ar an méid seo a leanas: i ndéanamh ár gcuid oibre dúinn, is é an sprioc atá againn ná bheith mar thaca agus mar bhonn faisnéise do na pléití agus na díospóireachtaí a bheidh ann faoi na tograí nua maidir leis an CAI. Mar iniúchóir seachtrach an Aontais Eorpaigh, táimid tiomanta agus ullamh le tacú lenár ngeallsealbhóirí institiúideacha ó thaobh buiséad an Aontais a neartú agus leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú.

Ar deireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhiongbháilteacht agus saineolas fhoireann na Cúirte Iniúchóirí. Tá a ngairmiúlacht bunriachtanach chun ár dtuarascálacha bliantúla a chur ar fáil agus freisin chun ár n-eagraíocht a neartú.

Tony Murphy
An tUachtarán

# 6

# Torthaí foriomlána

## Príomhfhionnachtana

I gcomhréir le hAirteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), cuirimid **ráiteas dearbhaithe** ar fáil do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh lena gclúdaítear beachtas na gcuntas comhdhlúite don Aontas agus dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais sin. Is é sin an phríomhghné dár dtuarascáil bhliantúil.

### Tuairim

Tá tuairim 'ghlan' á heisiúint againn maidir le beachtas chuntais an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2024.

Tá tuairim 'ghlan' á heisiúint againn freisin maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim le haghaidh 2024.

Cuirimid dhá thuairim ar leithligh ar fáil maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais le haghaidh 2024:

— tá ár dtuairim maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais i mbuiséad an Aontais neamhfhabhrach.

— tá tuairim cháilithe eisithe againn maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

- Is é an **leibhéal earráide measta** foriomlán **do chaiteachas an bhuiséid** atá glactha sna cuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ná 3.6 % (2023: 5.6 %). Tá difear ábharthach déanta ag earráid do sciar substainteach den chaiteachas sin. Baineann sé sin le caiteachas atá faoi réir rialacha casta, bunaithe go príomha ar aisíocaíocht ina bhfuil an leibhéal earráide measta cothrom le 5.2 %. B'ionann an caiteachas sin agus €115.7 billiún in 2024, rud a sheasann do 68.9 % dár bpobal iniúchóireachta. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí na n-earráidí a d'aimsíomar **ábharthach agus forleatach** i gcás an chaiteachais ar glacadh leis don bhliain agus tá **tuairim neamhfhabhrach** a heisiúint againn do **chaiteachas bhuiséad an Aontais**.

- I gcás **caiteachas faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)** in 2024, rinne an Coimisiún 28 n-íocaíocht deontais le Ballstáit, lenar áiríodh líon iomlán de 539 ngarsprioc agus 205 sprioc. Shainaithníomar fionnachtana cainníochtúla i sé íocaíocht (agus sna himréitigh ghaolmhara ar réamh-mhaoiniú). Rinne earráid ábharthach difear do chúig cinn de na híocaíochtaí sin, agus tá **tuairim cháilithe** á heisiúint againn maidir le caiteachas RRF. Tugaimid ar aire go bhfuil treocht mhéadaitheach ann maidir le tionchar airgeadais foriomlán na bhfionnachtana cainníochtúla.

- Is é an sainmhíniú atá againn ar ‘earráid’ ná méid airgid a íocadh amach as buiséad an Aontais agus nár comhlíonadh na coinníollacha íocaíochta ina leith. Ní hamháin go bhfuil sáruithe ar an dlí is infheidhme a eascraíonn as gníomhartha nó neamhghníomhartha ag oibreoirí eacnamaíocha san áireamh inár sainmhíniú, ach áiríonn sé freisin earráidí a dhéanann dochar do bhuiséad an Aontais a rinne riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha nó a rinne an Coimisiún féin. Ina tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht (TBBF), cuireann an Coimisiún a mheastachán den riosca ag tráth na híocaíochta[1] le haghaidh 2024 i láthair, ag clúdach gach uile cheannteidil de CAI seachas Ceannteideal 3 – ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’. Tá meastacháin an Choimisiúin faoi bhun raon ár n-eatraimh muiníne don leibhéal earráide measta le haghaidh Cheannteidil 2 agus 6 agus sa leath íochtarach den raon le haghaidh Cheannteideal 1. Tá difríochtaí idir róil agus sainorduithe an Choimisiúin agus róil agus sainorduithe na Cúirte Iniúchóirí, ach freisin sna teorainneacha i gcórais bhainistíochta agus rialaithe. Dá bhrí sin, níl an leibhéal earráide atá tuairiscithe ag an gCoimisiún inchomparáide go díreach leis an leibhéal earráide measta atá againne agus tá an dóchúlacht ann gur gannmheastachán atá i leibhéal an Choimisiúin.

- In 2024, thuairiscíomar 19 gcás (2023: 20 cás) de chalaois amhrasta do OLAF, ar sainaithníodh 15 díobh le linn ár n-iniúchta ar chaiteachas 2023, thuairiscíomar trí chás le linn ár n-iniúchta ar chaiteachas 2022 agus thuairiscíomar cás amháin i gcomhthéacs iniúchadh feidhmíochta a rinneadh in 2023 a chlúdaíonn clárthréimhse ó 2017 go 2025. Bunaithe ar an tuairisciú sin, tá sé imscrúdú oscailte ag OLAF cheana féin. Ag an am céanna, rinneamar seacht gcinn de na cásanna sin a thuairisciú chuig OIPE, ar thionscain OIPE imscrúdaithe dóibh ar fad. Inár n-iniúchadh ar chaiteachas 2024 go dtí seo, tá seacht gcás de chalaois amhrasta sainaitheanta againn.

[1] Foráiltear in Airteagal 253(1)(b)(i) den Rialachán Airgeadais go mbeadh meastachán den leibhéal earráide i gcaiteachas an Aontais san áireamh in TBBF.

# 8

## A raibh á iniúchadh againn

### Buiséad AE 2024 i bhfigiúirí

Glacann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle buiséad bliantúil AE faoi chuimsiú buiséad níos fadtéarmaí atá aontaithe do thréimhse roinnt blianta (ar a dtugtar ‘an Creat Airgeadais Ilbhliantúil’ nó CAI). In 2024, is é €146.1 billiún a bhí in iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh, arb ionann é sin agus 97.6 % den mhéid a bhí ar fáil.

Agus íocaíochtaí breise de €98.2 billiún ó ioncam sannta (NextGenerationEU (NGEU) agus REPowerEU den chuid is mó) á gcur san áireamh, móide €2.7 billiún de thabhairt anonn agus de mhéideanna a cuireadh ar fáil arís, shroich iomlán na n-íocaíochtaí in 2024 €247.0 billiún. B’ionann úsáid an bhuiséid le haghaidh íocaíochtaí agus 89.6 % d’iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de €275.8 billiún.

Gan deontais RRF de €55.9 billiún a chur san áireamh, ba é €191.1 billiún a bhí i gcaiteachas bhuiséad an Aontais in 2024.

### Cén áit a dtagann an t-airgead as?


Is é €250.6 billiún a bhí san ioncam iomlán buiséid le haghaidh 2024. Maoinítear an sciar is mó de bhuiséad an Aontais trí mhéideanna a ranníocann na Ballstáit i gcoibhneas lena n-ollioncam náisiúnta (€90.4 billiún). I measc na bhfoinsí eile áirítear ranníocaíocht bunaithe ar cháin bhreisluacha a bhailíonn na Ballstáit (€23.4 billiún), dleachtanna custaim (€20.1 billiún) agus ranníocaíocht bunaithe ar dhramhaíl pacáistíochta plaistí (€7.2 billiún). Soláthraíonn méideanna a fhaightear ar iasacht chun tacaíocht airgeadais nach bhfuil in-aisíoctha do na Ballstáit a mhaoiniú i gcomhthéacs NGEU €73.3 billiún d’ioncam an Aontais. Tá ioncaim eile freisin ann (€36.2 billiún). Is iad na foinsí is suntasaí díobh sin ná ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí atá nasctha le comhaontuithe agus cláir de chuid an Aontais.

Cuirtear méideanna a fuarthas ar iasacht chun tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha do Bhallstáit faoi NGEU a mhaoiniú i láthair ar bhealach éagsúil sa bhuiséad agus sna ráitis airgeadais chomhdhlúite. Na méideanna sin, arbh ionann iad agus 29 % d’ioncam an Aontais in 2024, déileáiltear leo mar ioncam sannta seachtrach, atá sa bhreis ar an mbuiséad vótáilte, i gcomhréir le rialachán RRF. Ní áirítear na méideanna sin mar ioncam sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, ach áirítear ann na speansais a bhaineann le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha NGEU, rud a fhágann tionchar diúltach ar an toradh eacnamaíoch don bhliain. Méadaíonn torthaí eacnamaíocha diúltacha an t-easnamh i nglansócmhainní de réir mar a léirítear i gclár comhardaithe an Aontais iad agus, dá bhrí sin, caitear iad a chistiú as buiséid sa todhchaí.

### Cad air a chaitear an t-airgead?

Déantar cistí AE a íoc amach le tairbhithe trí íocaíochtaí aonair/tráthchodanna bliantúla nó trí shraith íocaíochtaí laistigh de scéimeanna caiteachais ilbhliantúla. Bhí íocaíochtaí as buiséad an Aontais do 2024 comhdhéanta de €49.0 billiún i réamh-mhaoiniú, agus €142.1 billiún in íocaíochtaí eile. Mar a léiríonn ***Fíor 1***, is iad na réimsí a fuair na sciartha is mó de bhuiséad an Aontais ná ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’ agus ‘Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna’, agus ina dhiaidh sin bhí ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach’.

### Fíor 1 – Caiteachas bhuiséad an Aontais do 2024 de réir an cheannteidil CAI




| | |
|---|---|
| CAI 1 (Caibidil 5) | An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach |
| CAI 2 (Caibidil 6) | Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna |
| CAI 3 (Caibidil 7) | Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol |
| CAI 4 (Caibidil 8) | Imirce agus Bainistiú Teorainneacha |
| CAI 5 (Caibidil 8) | Slándáil agus Cosaint |
| CAI 6 (Caibidil 9) | An Chomharsanacht agus an Domhan |
| CAI 7 (Caibidil 10) | An Riarachán Poiblí Eorpach |
| **Sásra dlúthpháirtíochta** | (taobh amuigh de CAI) |

*Foinse:* CIE.

Faoi RRF, leagann na Ballstáit athchóirithe agus infheistíochtaí amach roimh ré ina bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus íocann an Coimisiún iad as garspriocanna agus spriocanna gaolmhara a bhaint amach. Féadfaidh Ballstáit eisíocaíochtaí a iarraidh suas go dtí dhá uair in aghaidh na bliana, má chuireann siad fianaise leordhóthanach ar fáil go ndearnadh na garspriocanna agus spriocanna gaolmhara a bhaint amach go sásúil. Caithfidh córas rialaithe an Choimisiúin a áirithiú go bhfuil íocaíochtaí RRF dlíthiúil agus rialta agus is rud é sin atá go príomha i gcleithiúnas ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaint amach go sásúil. Faoi dheireadh 2024, bhí 65 íocaíocht deontais (ceann in 2021, 13 in 2022, 23 in 2023 agus 28 in 2024) de luach iomlán de €178.5 billiún déanta ag an gCoimisiún.

## Céard atá clúdaithe againn?

Gach bliain, déanaimid iniúchóireacht ar bheachtas na gcuntas bliantúil agus ar rialtacht na n-idirbheart ioncaim agus caiteachais is bun leis na cuntais sin. In 2024, bhí ár bpobal iniúchóireachta chun tástáil a dhéanamh ar ioncam ag seasamh do €250.6 billiún. Ár bpobal iniúchóireachta d'idirbhearta caiteachais, clúdaíonn sé íocaíochtaí eatramhacha agus deiridh a bhfuil an Coimisiún tar éis glacadh leo chomh maith le himréiteach ar réamh-mhaoiniú. Is é €167.9 billiún, ar an iomlán, a bhí inár bpobal chun tástáil a dhéanamh ar an gcaiteachas faoin mbuiséad ginearálta. Is é €59.9 billiún ar an iomlán a bhí i gcaiteachas RRF in 2024, agus chlúdaigh ár n-iniúchóireacht gach ceann de na 28 n-íocaíocht deontais de luach iomlán €53.5 billiún agus imréiteach a rinneadh ar réamh-mhaoiniú, de luach iomlán €6.4 billiún.

Don chaiteachas faoin mbuiséad ginearálta, scrúdaímid an caiteachas ag an bpointe a mbíonn gníomhaíochtaí déanta nó costais tabhaithe ag faighteoirí deiridh na gcistí ón Aontas. Do RRF, is é an coinníoll atá ann chun go ndéanfadh an Coimisiún íocaíocht leis na Ballstáit ná go mbeadh garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe bainte amach go sásúil. Scrúdaímid caiteachas RRF ag an bpointe a n-iarrann Ballstáit íocaíocht as a gcuid garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bheith bainte amach agus ag an bpointe a mbíonn an Coimisiún tar éis glacadh leis an iarraidh sin. Dhíríomar isteach ar an raibh na garspriocanna agus spriocanna bainte amach go sásúil agus ar an raibh na coinníollacha incháilitheachta comhlíonta. Ní chlúdaíonn ár n-iniúchadh an chomhchuid iasachtaí de RRF.

# A bhfuil faighte amach againn

## Tugann cuntais an Aontais léargas fíorcheart ar an staid airgeadais

I gcuntais an Aontais do 2024, tugtar léiriú fíorcheart, ar gach slí ábharthach, ar thorthaí airgeadais an Aontais, chomh maith lena shócmhainní agus dliteanais ag deireadh na bliana, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta na hearnála poiblí.

Dá bhrí sin, tá tuairim iniúchóireachta 'ghlan' á tabhairt againn maidir le beachtas na gcuntas. Anseo thíos, déanaimid anailís ar **na príomhábhair iniúchóireachta** – i.e. na hábhair sin, de réir ár mbreithiúnais ghairmiúil, a raibh an tábhacht is mó ag gabháil leo inár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais don tréimhse reatha.

(1) I gclár comhardaithe an Aontais, tá dliteanas maidir le pinsean agus sochair fostaithe eile de luach €93.1 billiún ann amhail ag deireadh 2024 (2023: €90.8 billiún). In 2024, d'fhan an dliteanas pinsin cobhsaí, agus cuireadh an méadú beag i leith dhul chun cinn ionchasach an chostais seirbhíse agus úis.

(2) Amhail ag deireadh 2024, ba é an luach measta a bhí ag caiteachas incháilithe tabhaithe a bhí dlite do thairbhithe ach nach raibh éilithe fós ná €160.7 billiún (2023: €155.2 billiún). Rinneadh na méideanna sin a thaifeadadh mar speansais fhabhraithe. Is é is príomhchúis leis an méadú ar an meastachán ar fud na gclár ar fad ná go bhfuil deireadh ag teacht leis an gclárthréimhse roimhe sin agus go raibh an úsáid a bhí á baint as cistí CAI 2021-2027 tosaithe níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis.

(3) Ós rud é go dtugann an tAontas Eorpach cúnamh don Úcráin i bhfoirm iasachtaí agus deontas, rinneamar measúnú ar ríomhanna an Choimisiúin i dtaca leis an neamhchosaint ghaolmhar ar riosca airgeadais don Aontas, chomh maith leis an mbun leo sin, chun a áirithiú go raibh iarmhairtí iarbhír agus na hiarmhairtí sin a d'fhéadfadh a bheith ann á léiriú go hiomchuí i gcuntais an Aontais.

(4) Le NGEU, chuir an tAontas acmhainní suntasacha i gcúrsaíocht chun an tionchar socheacnamaíoch a bhí ag paindéim COVID-19 a mhaolú. Mar chuid dár nósanna imeachta iniúchóireachta, rinneamar iniúchóireacht ar na sócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais de chuid an Aontais, lena n-áirítear iad sin a bhain le NGEU. Táimid tagtha ar an gconclúid go dtugtar léargas fíorcheart orthu sin sna ráitis airgeadais chomhdhlúite.


## Tá tuairim ghlan á heisiúint againn maidir le hioncam

Táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil an t-ioncam saor ó earráid ábharthach. Bhí na córais do bhainistiú an ioncaim a scrúdaíomar éifeachtach go ginearálta.

## Tá tuairim neamhfhabhrach á heisiúint againn maidir le caiteachas bhuiséad an Aontais

I gcás caiteachas bhuiséad an Aontais, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide idir 2.6 % agus 4.6 %. Tá lárphointe an raoin sin (leibhéal earráide measta na Cúirte Iniúchóirí) laghdaithe i gcomparáid leis an mbliain seo caite ó 5.6 % go 3.6 % – féach *Fíor 2*.


### Fíor 2 – Leibhéil earráide measta (2020-2024)




*Foinse:* CIE.

Léirítear i *bhFíor 3* gurb ionann na réimsí iniúchta a ndearna earráid ábharthach difear dóibh agus 68.9 % dár bpobal iniúchóireachta (2023: 64.4 %). Nuair a chuirtear san áireamh torthaí ár dtástála i ngach ceannteideal de CAI, is é ár meastachán den leibhéal earráide sa chuid seo den chaiteachas ná 5.2 % (2023: 7.9 %).

## Fíor 3 – An sciar dár bpobal iniúchóireachta 2024 a ndearna earráid ábharthach difear dó




*Foinse:* CIE.


Is iad na réimsí iniúchóireachta a ndéanann earráid ábharthach difear dóibh ná, den chuid is mó, **íocaíochtaí atá bunaithe ar athchistiú**, san áit a gcaithfidh tairbhithe éilimh a chur isteach le haghaidh na gcostas incháilithe atá tabhaithe acu. Chuige sin, chomh maith lena léiriú go bhfuil siad ag gabháil do ghníomhaíocht atá incháilithe don tacaíocht, caithfidh siad fianaise a sholáthar de na costais in-athchistithe atá tabhaithe acu. Á dhéanamh sin dóibh, is minic go mbíonn ar na tairbhithe rialacha casta a leanúint i ndáil le cad is féidir a éileamh (incháilitheacht) agus i ndáil leis an gcaoi ar féidir costais a thabhú go cuí (soláthar poiblí nó rialacha maidir le státchabhair).

Táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil 31.1 % dár bpobal iniúchóireachta saor ó earráid ábharthach, rud a chiallaíonn go bhfuil an leibhéal earráide measta sa chuid seo den chaiteachas faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 %. Áirítear sa chuid sin den phobal caiteachas a bhaineann le **híocaíochtaí bunaithe ar theidlíocht** nach mór do thairbhithe coinníollacha áirithe a chomhlíonadh ina leith (e.g. íocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí, gan éiciscéimeanna a áireamh), chomh maith le cuid den chaiteachas riaracháin (tuarastail agus pinsin fhoireann an Aontais), tacaíocht bhuiséadach do thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus gníomhaíochtaí scoláirí tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí soghluaisteachta eile faoi Erasmus+. Bhí an chuid seo den chaiteachas saor ó earráid ábharthach freisin i mblianta roimhe seo. Shainaithníomar, áfach, earráidí a bhain le costais neamh-incháilithe.

Is é 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna' an rannchuiditheoir is mó don chuid den phobal iniúchóireachta a ndéanann earráid ábharthach difear di (€49.1 billiún), agus ina dhiaidh sin tagann 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol' (€28.4 billiún), 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach' (€15.3 billiún) agus 'An Chomharsanacht agus an Domhan' (€11.8 billiún).

I ***bhFíor 4***, déantar comparáid idir ár leibhéil earráide measta do na caibidlí ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach’, ‘Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna’, ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’ idir 2020 agus 2024, agus taispeántar ár leibhéal earráide measta le haghaidh ‘An Chomharsanacht agus an Domhan’ in 2024.

## Fíor 4 – Leibhéil earráide measta do Cheannteidil 1, 2, 3 agus 6 de CAI (2020-2024)





* Níor thugamar measúnú sonrach le haghaidh ‘An Chomharsanacht agus an Domhan’ idir 2020 agus 2023.

*Foinse:* CIE.

**Comparáid idir ár leibhéal earráide measta agus meastacháin an Choimisiúin**

In TBBF 2024, cuireann an Coimisiún a mheastachán den riosca ag tráth na híocaíochta in 2024 i láthair do na ceannteidil CAI ar fad seachas Ceannteideal 3 – ‘Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol’. Tá figiúirí an Choimisiúin faoi bhun raon ár n-eatraimh muiníne do Cheannteidil 2 agus 6 agus sa leath íochtarach den raon do Cheannteideal 1. Áirítear ar na cúiseanna dó sin difríochtaí bunúsacha idir róil agus sainorduithe an Choimisiúin agus róil agus sainorduithe na Cúirte Iniúchóirí, ach freisin teorainneacha i gcórais bhainistíochta agus rialaithe. I ***bhFíor 5***, cuirtear i láthair meastachán an Choimisiúin don riosca ag tráth na híocaíochta le haghaidh na gceannteideal de CAI in éineacht le raonta ár n-eatraimh muiníne de 95 % don leibhéal earráide measta.

## Fíor 5 – Ár meastachán de leibhéal earráide 2024 agus meastachán an Choimisiúin den riosca ag tráth na híocaíochta, do Cheannteidil 1, 2 agus 6 de CAI




*Foinse:* CIE.

## Tá tuairim cháilithe á heisiúint againn maidir le caiteachas RRF in 2024

Is ionstraim shealadach atá in RRF a tugadh i gcrích agus a maoiníodh ar shlí atá difriúil ó bhonn ó chaiteachas bhuiséad an Aontais. Cé go n-íoctar tairbhithe de chaiteachas bhuiséad an Aontais as gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh nó go ndéantar athchistiú leo as costais a tabhaíodh, is amhlaidh – faoi RRF – go n-íoctar Ballstáit as garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bhaint amach go sásúil. I gcás RRF mar sin, rinneamar scrúdú féachaint an ndearnadh garspriocanna nó spriocanna réamhshainithe a bhaint amach go sásúil, agus ar comhlíonadh coinníollacha incháilitheachta cothrománacha.

Léiríonn an fhianaise iniúchóireachta fhoriomlán ónár n-obair nach raibh 12 as na 395 gharsprioc agus sprioc RRF a scrúdaíomar ag comhlíonadh na gcoinníollacha íocaíochta nó incháilitheachta. Baineann siad sin le sé íocaíocht i sé Bhallstát. Tugaimid ar aire go bhfuil treocht mhéadaitheach ann maidir le tionchar airgeadais foriomlán na bhfionnachtana cainníochtúla. Chomh maith leis sin, fuaireamar laigí sa mheasúnú *ex ante* a rinne an Coimisiún; bhí cásanna ann de gharspriocanna/spriocanna a bhí sainithe go doiléir, ar rud é sin a rannchuidigh le measúnú a raibh leibhéal níos airde de lánrogha ag gabháil leis maidir lena mbeith bainte amach go sásúil; agus bhí fadhbanna le beachtas na faisnéise a chuir na Ballstáit ina ráiteas bainistíochta.

Ina theannta sin, fuaireamar laigí tromchúiseacha i gceapadh breithiúna a bhaineann leis an athchóiriú chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna sa Pholainn a neartú tríd an gcóras araíonachta do bhreithiúna a athchóiriú. Ós rud é go bhfuil cás os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) faoi láthair i ndáil le hiarraidh ar réamhrialú a bhaineann go díreach leis an ábhar seo, áfach, chinneamar ag an tráth seo gan teacht ar chonclúid faoi bhaint amach sásúil an dá gharsprioc sin. Bhí baint amach sásúil na ngarspriocanna sin ina réamhchoinníoll le haghaidh aon íocaíocht RRF leis an bPolainn.




*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (eca.europa.eu).*


# Amharc níos géire ar ár bhfionnachtana

## Bainistiú buiséadach agus airgeadais

### Mar gheall ar NGEU, bhí íocaíochtaí níos mó ná na gealltanais in 2024

Ba é 2024 an ceathrú bliain de CAI 2021-2027. I ***bhFíor 6***, taispeántar na leithreasuithe foriomlána a bhí ar fáil ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear deontais NGEU.

### Fíor 6 – Iomlán na leithreasuithe a bhí ar fáil, lena n-áirítear deontais NGEU, in 2024




*Foinse:* CIE, bunaithe ar chuntais bhliantúla chomhdhlúite 2024 an Aontais agus ar shonraí eile ón gCoimisiún.

**Leanadh den treocht a bhí ann le déanaí maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a úsáid ina n-iomláine in 2024**

Is é €193.1 billiún a bhí in iomlán na ngealltanas a rinneadh faoi bhuiséad CAI le haghaidh 2024, arb ionann é sin agus 98.9 % den mhéid a bhí ar fáil. Nuair a dhéantar gealltanais bhreise de €19.7 billiún ó ioncam sannta, móide €0.9 billiún de thabhairt anonn agus de mhéideanna a cuireadh ar fáil arís, a chur san áireamh shroich iomlán na ngealltanas in 2024 €213.7 billiún. B'ionann úsáid fhoriomlán an bhuiséid le haghaidh gealltanas agus 93.9 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de €227.7 billiún.

**Bhí na híocaíochtaí a forghníomhaíodh níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus faoi bhun uasteorainn CAI**

In 2024, ba é €146.1 billiún iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh faoi bhuiséad CAI, arb ionann é sin agus 97.6 % de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de luach €149.7 billiún a bhí ar fáil. Nuair a dhéantar íocaíochtaí breise de €98.2 billiún ó ioncam sannta (NGEU agus REPowerEU den chuid is mó) a chur san áireamh, móide €2.7 billiún de thabhairt anonn agus de mhéideanna a cuireadh ar fáil arís, shroich iomlán na n-íocaíochtaí in 2024 €247.0 billiún. B'ionann úsáid an bhuiséid le haghaidh íocaíochtaí agus 89.6 % d'iomlán na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí de €275.8 billiún.

## Ionsú cistí bainistíochta comhroinnte: CAI 2014-2020 beagnach tugtha chun críche, agus leibhéil CAI 2021-2027 fós íseal

**B'ionann ionsú CSIE 2014-2020 agus 97 %, agus níos mó ná 95 % ag 21 Bhallstát**


Amhail ag deireadh 2024, is é €475.2 billiún a bhí in iomlán na n-íocaíochtaí le haghaidh Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), arb ionann é sin agus 97 % d'iomlán na gcistí a bhí ar fáil (€489.9 billiún). Is é €27.3 billiún a bhí sna híocaíochtaí in 2024. Mar thoradh ar dhul chun cinn breise le híocaíochtaí CSIE in 2024, bhí 21 Bhallstát ag ionsú níos mó ná 95 % dá gcistí leithdháilte SIE faoi dheireadh 2024.

**Tá ionsú cistí bainistíochta comhroinnte 2021-2027 faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna fós íseal**

In 2024, is é €14.7 billiún a bhí sna híocaíochtaí bliantúla le haghaidh cistí bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[2] (2023: €6.3 billiún), a raibh €5.2 billiún de ina n-íocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin (2023: €4.1 billiún) agus €9.5 billiún ina n-íocaíochtaí eatramhacha (2023: €2.2 billiún). Faoi dheireadh 2024, b'ionann iomlán na n-íocaíochtaí agus €27.6 billiún, arbh ionann é agus 7 % den mhéid le haghaidh na gcistí sin in CAI 2021-2027 (€395 bhilliún). I ***bhFíor 7***, taispeántar an ráta ionsúcháin le haghaidh gach aon Bhallstáit.

[2] Rialachán (AE) 2021/1060.


### Fíor 7 – Rátaí ionsúcháin na mBallstát i gcás cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte 2021-2027 a thagann faoi RFC, amhail ag deireadh 2024




*Foinse:* CIE, bunaithe ar ardán sonraí oscailte an Choimisiúin amhail an 6 Eanáir 2025.

Bhí cur chun feidhme chistí an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CC, CSE+), arb ionann iad agus os cionn 90 % de na cistí bainistíochta comhroinnte faoi RFC le haghaidh 2021-2027, fós íseal. Nuair a chuirimid a gcur chun feidhme (réamh-mhaoiniú agus íocaíochtaí eatramhacha) i gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe sin (féach ***Fíor 8***), ní raibh ráta ionsúcháin foriomlán na dtrí chiste sin ach ag 5 % faoi dheireadh 2024 i gcomparáid le 14 % ag an bpointe coibhéiseach den CAI roimhe sin (deireadh 2017). Ós rud é go socraítear deireadh na tréimhse incháilitheachta don chaiteachas foluiteach[3] agus an sprioc-am chun an t-iarmhéid deiridh[4] do CAI 2021-2027 a íoc aon bhliain amháin níos luaithe ná mar a rinneadh sa chlárthréimhse roimhe sin, tiocfaidh méadú breise ar an mbrú chun cistí an Aontais a ionsú.

## Fíor 8 – Cur chun feidhme na gcistí comhtháthaithe i mbliain 4: an CAI reatha ag níos lú ná leath de ráta an CAI roimhe seo




*Nóta:* Áirítear anseo réamh-mhaoiniú agus íocaíochtaí eatramhacha.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar ardán sonraí oscailte an Choimisiúin amhail an 6 Eanáir 2025.

---

[3] Airteagal 63(2) de Rialachán (AE) 2021/1060.

[4] Ibid., Airteagal 102(5).

**Cuireadh dlús le híocaíochtaí CETFT faoin CBT nua in 2024**

Ó 2023, tá CETFT clúdaithe ag rialacháin nua an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT)[5]. Ag deireadh 2024[6], is é €6.3 billiún a bhí in íocaíochtaí CETFT (2023: €0.7 billiún), le ráta ionsúcháin de 9.5 % i gcomparáid le 1 % in 2023.

**Bhí cur chun feidhme dheontais RRF níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, agus cuireadh dlús le hionsú breisithe NGEU in 2024**

Is é €55.9 billiún san iomlán a bhí in íocaíochtaí bliantúla dheontais RRF in 2024, as ar maoiníodh €7.9 billiún de ó REPowerEU agus €48.0 billiún ó dheontais NGEU. Ní raibh sna híocaíochtaí bliantúla le haghaidh deontais RRF arna maoiniú ag NGEU ach leath an mhéid a raibh coinne ag an gCoimisiún leis i Meitheamh 2023 (€96 bhilliún)[7]. Mar sin féin, bhí iarratais ar íocaíocht dar luach €58.5 billiún san iomlán curtha isteach ag 15 Bhallstát i Nollaig 2024[8]. Agus íocaíochtaí de €197.5 billiún déanta faoi dheireadh 2024 as €358.9 billiún de ghealltanais, tá deontais RRF de suas go dtí €161.4 billiún fós ar fáil lena n-íoc faoi dheireadh 2026. I ***bhFíor 9***, taispeántar na difríochtaí suntasacha maidir lena mhéid atá deontais RRF ionsúite ag na Ballstáit go dtí seo.

---

[5] Rialachán (AE) 2021/2115 agus Rialachán (AE) 2021/2116.


[6] Ardán sonraí oscailte an Choimisiúin amhail an 31 Márta 2025.

[7] COM(2023) 390, Tábla 3.

[8] An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta, amlíne.

## Fíor 9 – Deontais RRF a bhí íoctha agus na méideanna atá le híoc bunaithe ar leithdháiltí athbhreithnithe de réir an Bhallstáit, amhail ag deireadh 2024

*(billiúin euro)*




*Nótaí:* Ní áirítear caiteachas riaracháin anseo.
Tá an méid atá le híoc bunaithe ar leithdháileadh athbhreithnithe lena n-áirítear €0.6 billiún atá le gealladh am éigin as seo go dtí deireadh 2026.
Chuir an tSualainn a céad iarraidh ar íocaíocht (€1.6 billiún) isteach i Nollaig 2024. Níl ach réamh-mhaoiniú faighte ag an Ungáir agus níl aon iarraidh ar íocaíocht curtha isteach aici go fóill.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar scórchlár RRF agus ar shonraí eile ón gCoimisiún.

Is é €82.9 billiún a bhí in iomlán na ngealltanas de bhreisithe NGEU ar chláir CAI[9]. B'ionann íocaíochtaí bliantúla bhreisithe NGEU le cláir CAI atá ann cheana agus €24.6 billiún in 2024, rud a léiríonn méadú suntasach ó bhlianta roimhe sin (2023: €19.0 billiún). Mar thoradh air sin, is féidir íocaíochtaí suas go dtí €16 bhilliún a dhéanamh go dtí deireadh 2026.

**Thosaigh laghdú ag teacht ar iomlán na ngealltanas le híoc in 2024 ach tharla an laghdú sin níos moille ná mar a bhíothas ag dréim leis**

Is éard atá i gceist le gealltanais le híoc ná suim na ngealltanas atá déanta ach nach bhfuil íoctha go fóill. Faoi dheireadh 2024, b'ionann iomlán na ngealltanas le híoc, a chaithfear a íoc sna blianta ina dhiaidh sin mura ndéanfar iad a shaoradh ó ghealltanais, agus €507.4 billiún, ar bhain €166.3 billiún de le cistiú deontais NGEU. Cé go raibh na gealltanais le híoc níos ísle ná €543 bhilliún (i.e. an méid ab airde riamh in 2023), bhí an t-iomlán fós €33.5 billiún os cionn mheastachán an Choimisiúin i Meitheamh 2024 de €473.9 billiún[10].

**Rioscaí agus dúshláin**

*Riosca ag dul i méid maidir le saoradh ó ghealltanais agus an gá atá le dlús a chur leis an gcur chun feidhme*

In 2024, ba é tuar an Choimisiúin i gcás saoradh ó ghealltanais le linn thréimhse 2025-2027 ná gur €8.8 billiún[11] a bheadh i gceist (réamhaisnéis 2023: €8.1 billiún le haghaidh 2024-2027[12]). Ba iad na cláir chomhtháthaithe faoin CAI reatha agus CETFT ba chúis den chuid is mó leis an méadú sin ar an meastachán de shaoradh ó ghealltanais. Táthar ag dréim le saoradh ó ghealltanais faoi CETFT nuair a dhúnfar an CAI roimhe seo in 2026, agus tá rioscaí suntasacha de shaoradh ó ghealltanais ann do chláir chomhtháthaithe CAI 2021-2027 ó 2027 ar aghaidh.

I gcás CC, CFRE agus CSE+, réamh-mheasann an Coimisiún saoradh ó ghealltanais iomlán de €2.7 billiún. Tugaimid ar aire, áfach, go ndearna an Coimisiún dhá thogra reachtacha an 1 Aibreán 2025 i ndáil leis na rialacháin maidir le cistí an bheartais chomhtháthaithe do chlárthréimhse[13] 2021-2027, a d'fhéadfadh, in imthosca áirithe, an riosca go ndéanfaí na cistí sin a shaoradh ó ghealltanais a laghdú.

*Rioscaí d'ionsú tráthúil chistí RRF*

Amhail ag deireadh 2024, b'ionann íocaíochtaí deontais RRF leis na Ballstáit agus €197.5 billiún (55 % den iomlán a bhí ar fáil). Mar sin féin, ní gá go léiríonn na híocaíochtaí sin líon ná suntasacht na ngarspriocanna agus na spriocanna atá bainte amach ag na Ballstáit, agus ní hionann an gaol idir na cistí a fhaightear agus na garspriocanna a bhaintear amach ar fud na mBallstát.

[9] Tuarascáil bhliantúil 2023, mír 2.26.

[10] COM(2024) 276, Tábla 4.

[11] COM(2024) 276, Tábla 2.

[12] COM(2023) 390, Tábla 2.


[13] COM(2025) 123 agus COM(2025) 164.

I dtuarascáil speisialta ar RRF in 2024[14], thángamar ar an gconclúid go raibh rioscaí ann d'ionsú tráthúil agus do thabhairt chun críche beart sa dara leath de thréimhse cur chun feidhme RRF. Ina theannta sin, tá riosca suntasach d'ionsú iomlán ag baint le comhchruinniú na ngarspriocanna agus na spriocanna le linn na céime sin, go háirithe i gcás infheistíochtaí, toisc go n-éilíonn infheistíochtaí tréimhsí cur chun feidhme níos faide de ghnáth.

**Beidh ar CAInna amach anseo an t-ualach méadaitheach ó oibleagáidí iasachtaíochta NGEU a mheas**

Dár n-anailís ar fhiachas an Aontais, scrúdaíomar an iasachtaíocht ó na margaí airgeadais, ina raibh bannaí fadtéarmacha den chuid is mó. Cistíonn an iasacht sin NGEU agus cúnamh airgeadais do na Ballstáit agus do thíortha nach bhfuil san Aontas. I ***bhFíor 10*** tugtar miondealú ar chláir an Aontais arna gcistiú ag iasachtaíocht an Aontais

## Fíor 10 – Cláir arna gcistiú ag iasachtaíocht an Aontais atá fós amuigh, amhail ag deireadh 2024




| | |
|---|---|
| **BoP:** | Comhardú Íocaíochtaí |
| **EFSM:** | An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach |
| **MFA:** | Cúnamh Macrairgeadais |
| **NGEU:** | NextGenerationEU |
| **SURE:** | Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála |

*Nóta:* Ní áirítear leis na méideanna an chuid de dheontais RRF arna maoiniú ag BAR nó ETS.


*Foinse:* CIE, bunaithe ar chuntais bhliantúla chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

[14] Tuarascáil speisialta 13/2024.

*Tháinig méadú níos mó ná 30 % ar iasachtaíocht an Aontais a bhí fós amuigh in 2024*

Le 5 bliana anuas, tá méadú suntasach déanta ag an gCoimisiún ar eisiúintí bannaí toisc go bhfuil sé ag brath ar mhargaí caipitil chun cláir níos mó a mhaoiniú, amhail SURE agus NGEU. Faoi 2027, d'fhéadfadh iasachtaíocht an Aontais atá fós amuigh a bheith níos mó ná €900 billiún, beagnach deich n-oiread leibhéal 2020 roimh NGEU, féach ***Fíor 11***.

## Fíor 11 – Bannaí an Aontais atá fós amuigh ó 2010 i leith




*Nóta:* Eisiúint bannaí AE ag luach ainmniúil an ollfhiachais. Níl billí AE (€23.1 billiún) san áireamh.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chuntais bhliantúla chomhdhlúite 2024 an Aontais agus faisnéis a fuarthas ón gCoimisiún.

*Cuirtear aisíoc iasachtaíocht NGEU siar chuig CAInna amach anseo*

Cuireadh clár NGEU ar bun chun cistiú suas go dtí €712 bhilliún a chur ar fáil do na Ballstáit, a raibh suas go dtí €291 bhilliún de le haghaidh iasachtaí RRF agus suas go dtí €421 bhilliún le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU. Faoi dheireadh 2024, bhí €363.5 billiún eisíoctha ag an Aontas. Féadfaidh an tAontas suas go dtí €348.5 billiún a fháil ar iasacht fós le haghaidh NGEU roimh dheireadh 2026.
I ndiaidh an dáta sin, caithfidh an iasachtaíocht a bheith teoranta go docht d'athmhaoiniú.[15].

[15] Aithris 18 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.

Féadfar tús a chur le haisíoc iasachtaíocht NGEU roimh dheireadh 2027, má bhíonn leithreasuithe nár úsáideadh fós ar fáil sa líne bhuiséid chun costais mhaoiniúcháin NGEU a chlúdach. Seachas sin, ní mór tús a chur leis an aisíocaíocht in 2028 agus ní mór í a bheith críochnaithe faoi 2058 ar a dhéanaí[16]. Tá formhór mór na n-aisíocaíochtaí, dá bhrí sin, curtha siar go dtí CAInna sa todhchaí mar go gcaithfidh an sceideal aisíocaíochta a bheith seasta agus intuartha, agus mar go bhfuil caidhp ag 7.5 % de mhéid uasta na tacaíochta NGEU neamh-inaisíoctha[17] (i.e. €31.6 billiún in aghaidh na bliana) curtha le haisíocaíochtaí bliantúla na hiasachtaíochta faoi NGEU.

*Rinneadh costais iasachtaíochta NGEU a bhfuiltear ag dréim leo le haghaidh an CAI reatha a athbhreithniú in 2024, ach d'fhéadfadh sé a bheith dhá oiread na meastachán tosaigh*

B'ionann an leithdháileadh foriomlán a comhaontaíodh in 2020 do CAI 2021-2027 do chostas maoiniúcháin NGEU agus €14.9 billiún faoi cheannteideal 2b de CAI chun íocaíochtaí úis agus cúpóin le haghaidh iasachtaíocht NGEU a mhaoiniú[18]. Bhí na meastacháin do 2020 bunaithe ar rátaí úis ionchasacha le haghaidh na hiasachtaíochta ag dul ó 0.55 % in 2021 go 1.15 % in 2027[19]. Mar sin féin, tháinig méadú suntasach ar rátaí úis iarbhír[20], rud a raibh drochthionchar aige ar chostas imeallach cistithe an Aontais. Bhain costas an chistithe buaicphointe amach ag 3.63 % in 2023, ó 0.15 % in 2021. Thosaigh sé ag titim sa chéad leath de 2024[21].

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an caiteachas úis iomlán sa CAI reatha a bheith idir €29 mbilliún agus €30.4 billiún, thart ar dhá oiread réamhaisnéis bhunaidh an Choimisiúin de €14.9 billiún[22]. In 2024, measadh i bhfaisnéisiú a choimisiúnaigh Parlaimint na hEorpa[23] go bhféadfadh iomlán na n-íocaíochtaí úis do thacaíocht NGEU neamh-inaisíoctha a bheith idir €70.9 billiún agus €73.8 billiún sa chéad CAI eile (2028-2034).

Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar iasachtaíocht an Aontais, idir iasachtaíocht a bhaineann le NGEU agus iasachtaíocht nach mbaineann le NGEU, go dtí deireadh an CAI reatha, agus go gcuirfear formhór na n-aisíocaíochtaí siar go dtí CAInna amach anseo. Chun inbhuanaitheacht CAInna a bheidh ann amach anseo a choimirciú, beidh gá le hualach méadaitheach na n-oibleagáidí a bhaineann le hiasachtaíocht, infhaighteacht ráthaíochtaí leordhóthanacha agus an gá atá le hacmhainní leordhóthanacha a áirithiú chun cláir an Aontais a chur chun feidhme a chur san áireamh. Gan dochar do mhéid CAInna amach anseo, d'fhéadfadh sceideal aisíocaíochta na hiasachtaíochta le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU difear a dhéanamh do leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí foriomlána na CAInna.

---

[16] Aithris 5 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053.

[17] Ibid.

[18] Ráiteas de mheastacháin an Choimisiúin le haghaidh bhliain airgeadais 2024 (an roinn dar teideal 'Clársceidealú Airgeadais 2025-2027', lch. 9).

[19] Faisnéisiú dar teideal 'Athbhreithniú ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais le haghaidh 2021 go dtí 2027' ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, lch. 7.

[20] Suíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh: Príomhrátaí úis BCE.

[21] COM(2025) 70.

[22] Ráiteas de mheastacháin an Choimisiúin le haghaidh bhliain airgeadais 2024 (an roinn dar teideal 'Clársceidealú Airgeadais 2025-2027', lch. 9).

[23] Bruegel, Bainistiú dliteanas fiachais i mbuiséad an Aontais faoi CAI tar éis 2027.

**Lean buiséad an Aontais de thacaíocht a chur ar fáil don Úcráin le linn chogadh foghach na Rúise**

De réir an Choimisiúin, faoi dheireadh 2024, bhí os cionn €130 billiún slógtha ag an Aontas agus na Ballstáit chun tacú leis an Úcráin agus lena muintir ó thús chogadh foghach na Rúise.

Ag deireadh 2024, bhí suas go dtí €80.1 billiún i gceist leis na hiasachtaí formheasta don Úcráin, bídís sin fós amuigh nó bídís fós le heisíoc, agus bhí €42.1 billiún de sin eisíoctha.


**Neamhchosaint bhuiséad an Aontais ag méadú i gcónaí**

Is é €342 bhilliún a bhí i neamhchosaint bhuiséad an Aontais ag deireadh 2024, méadú 14.8 % ó €298.0 billiún ag deireadh 2023.

Meastar go dtiocfaidh méadú breise ar neamhchosaint bhuiséad an Aontais, ag sroicheadh suas go dtí €567 mbilliún faoi 2027. Féach ***Fíor 12***.

## Fíor 12 – Neamhchosaint san am a caitheadh agus neamhchosaint réamh-mheasta do bhuiséad an Aontais

*(billiúin euro i bpraghsanna reatha)*




(*) Eile suas le 71:
- Ráthaíochtaí buiséadacha le haghaidh oibríochtaí atá sínithe ach nach bhfuil íoctha amach fós (suas le 27)
- An tSaoráid don Úcráin (suas go dtí 19.9)
- An Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin (suas le 18.1)
- Saoráid na mBalcán Thiar (suas go dtí 4)
- Saoráid na Moldóive (suas go dtí 1.5)
- Cúnamh macra-airgeadais don Iordáin (suas go dtí 0.5)

*Nóta:* Maidir leis an bhfigiúr le haghaidh 2025 agus ina dhiaidh sin, ní chuireann sé san áireamh aon aisíocaíocht iasachtaí a thiocfaidh in aibíocht in 2025-2027.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chuntais bhliantúla chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

**28**

## A bhfuil á mholadh againn

Molaimid don Choimisiún:

- a áirithiú go gcuirfear cur chun feidhme chláir an Aontais san áireamh in aisíocaíocht NGEU. Ba cheart don Choimisiún sceidil aisíocaíochta iomchuí na hiasachtaíochta le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU a dhearadh agus a chur chun feidhme, ionas go gcuirfear san áireamh ann cur chun feidhme na gclár de chuid an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 2 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár* ***suíomh gréasáin*** *(**eca.europa.eu**).*

# Torthaí a fháil ó bhuiséad an Aontais

## A raibh á iniúchadh againn

I mbliana, clúdaíonn ár gcaibidil ar fheidhmíocht na topaicí seo a leanas:

- Cuid 1 – Torthaí agus príomhtheachtaireachtaí thuarascálacha speisialta maidir le feidhmíocht 2024 uainn, chomh maith le faisnéis ghaolmhar ón gCoimisiún agus ó na húdaráis bhuiséadacha agus reachtacha (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle);
- Cuid 2 – Anailís ar an gcaoi ar thuairiscigh an Coimisiún faisnéis a bhaineann le feidhmíocht in TBBF 2023 uaidh, le haghaidh Cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) – 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach';
- Cuid 3 – Cur chun feidhme na moltaí a rinneadh i dtuarascáil 2021 uainn maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais.

## A bhfuil faighte amach againn

**Cuid 1 – Torthaí ár n-iniúchtaí feidhmíochta: príomhtheachtaireachtaí**

Scrúdaítear inár dtuarascálacha speisialta cé chomh maith is a bhí prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais[24] curtha i bhfeidhm i gcur chun feidhme bhuiséad an Aontais. Tugtar aghaidh iontu ar phríomhchuspóirí feidhmíochta agus comhlíontachta. In 2024, d'fhoilsíomar 28 dtuarascáil speisialta a thug aghaidh ar an iomad dúshlán atá roimh an Aontas ar fud réimsí éagsúla caiteachais agus beartas an Aontais.

Bhí ár gcuid oibre iniúchóireachta spriocdhírithe ar na réimsí seo a leanas, ar tosaíochtaí iad inár straitéis le haghaidh 2021-2025: freagairt an Aontais ar théarnamh iar-ghéarchéime; iomaíochas eacnamaíoch an Aontais a mhéadú chun tairbhe na saoránach go léir; teacht aniar ó bhagairtí ar shlándáil an Aontais agus urraim do luachanna Eorpacha na saoirse, an daonlathais agus an smachta reachta; an t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha; agus beartais fhioscacha agus an t-airgeadas poiblí san Aontas.

I ***bhFíor 13***, tugtar forléargas ar na tuarascálacha speisialta uile a d'fhoilsíomar in 2024, de réir réimse straitéiseach.

---

[24] Airteagal 33 de na Rialacha Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, Meán Fómhair 2024.

## Fíor 13 – Réimsí straitéiseacha CIE atá clúdaithe ag tuarascálacha speisialta in 2024

| | |
|---|---|
| **Freagairt an Aontais ar théarnamh iar-ghéarchéime** | ▪ TS 12/2024: Freagairt an Aontais ar phaindéim COVID-19<br>▪ TS 13/2024: Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>▪ TS 25/2024: Digiteáil an chúraim sláinte |
| **Iomaíochas** | ▪ TS 04/2024: Cuspóirí sábháilteachta bóthair an Aontais a bhaint amach<br>▪ TS 08/2024: Uaillmhian an Aontais Eorpaigh san intleacht shaorga<br>▪ TS 10/2024: Aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla san Aontas Eorpach<br>▪ TS 11/2024: Beartas tionsclaíoch an Aontais maidir le hidrigin in-athnuaite<br>▪ TS 21/2024: Státchabhair ag tráthanna géarchéime<br>▪ TS 23/2024: Lipéadú bia san Aontas Eorpach |
| **Athléimneacht agus luachanna Eorpacha** | ▪ TS 02/2024: Ról comhordúcháin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí<br>▪ TS 03/2024: An smacht reachta san Aontas<br>▪ TS 05/2024: Clár Trédhearcachta an Aontais Eorpaigh<br>▪ TS 06/2024: An tSaoráid do Dhídeanaithe sa Tuirc<br>▪ TS 17/2024: Ciste Iontaobhais an Aontais Eorpaigh don Afraic<br>▪ TS 18/2024: Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta<br>▪ TS 26/2024: Náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú san Aontas Eorpach<br>▪ TS 28/2024: Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú |
| **An t-athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha** | ▪ TS 01/2024: Astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó ghluaisteáin paisinéirí a laghdú<br>▪ TS 09/2024: Slándáil an tsoláthair gáis san Aontas<br>▪ TS 14/2024: An tAistriú Glas<br>▪ TS 15/2024: Oiriúnú don athrú aeráide san Aontas Eorpach<br>▪ TS 19/2024: Feirmeoireacht orgánach san Aontas Eorpach<br>▪ TS 20/2024: Pleananna an Chomhbheartais Talmhaíochta |
| **Beartais fhioscacha agus airgeadais phoiblí** | ▪ TS 07/2024: Na córais atá ag an gCoimisiún chun caiteachas neamhrialta AE a aisghabháil<br>▪ TS 16/2024: Ioncam AE atá bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte<br>▪ TS 22/2024: Cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais<br>▪ TS 24/2024: Seirbhís shibhialta an Aontais Eorpaigh<br>▪ TS 27/2024: Córais chánach dhíobhálacha agus seachaint cánach corparáide a chomhrac |

*Foinse:* CIE.

**Cuid 2 – Feidhmíocht na gclár faoi Cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil – ‘An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach’**

Thugamar an méid seo a leanas faoi deara:

- Bhí creat tuairiscithe feidhmíochta an Choimisiúin cobhsaí agus lean tagairtí an Choimisiúin d’fheidhmíocht Cheannteideal 1 de CAI i TBBF 2023 uaidh na treoracha corparáideacha. Fuaireamar mion-neamhréireachtaí sna sonraí tuairiscithe.

- Ar an iomlán, bhí na táscairí feidhmíochta a tuairiscíodh don dá thréimhse i ráitis feidhmíochta na gclár (RFCanna) bunaithe ar an bprionsabal ‘SMART’ (acrainm Béarla a sheasann do ‘sonrach’, ‘intomhaiste’, ‘indéanta’, ‘ábhartha’ agus ‘faoi cheangal ama’). Feabhsaíodh na táscairí in 2021-2027 chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar an raon a bhí ag gabháil le feidhmíocht na gclár, ó ionchur go tionchar. Mar sin féin, níl táscairí toraidh ná tionchair san áireamh fós in SCE. I gcásanna áirithe, bhí sé deacair na táscairí a léirmhíniú.

- Bhí bearnaí in inrianaitheacht na sonraí is bun leis na táscairí feidhmíochta, go háirithe i gcás Fís 2020. Lagaíonn sé sin go mór a n-iontaofacht. Cé gur chuir an Coimisiún feabhas ar an gcaoi ar seiceáladh sonraí den sórt sin le haghaidh Fís Eorpach, d’aimsíomar neamhréireachtaí fós sna sonraí bunúsacha.

- Ní raibh na táscairí feidhmíochta a tuairiscíodh do Chlár Spáis an Aontais go hiomlán ionadaíoch ar thuairimí úsáideoirí an chláir, agus mholamar roimhe seo go n-úsáidfeadh an Coimisiún táscairí feidhmíochta iomchuí.

- Tuairiscíonn an Coimisiún ar an dul chun cinn maidir le baint amach KPInna sna RFCanna. Bhí dearcadh difriúil againn ar dhul chun cinn i 19 % de na táscairí a bhí san áireamh sna RFCanna inár sampla. Maidir leis an gcuid is mó díobh sin, mheasamar nach raibh na torthaí ag dul chun cinn chomh maith céanna is a bhí curtha in iúl ag an gCoimisiún. I gcás InvestEU, ní raibh sprioc ag 50 % de na táscairí a cuireadh i láthair sa RFC, rud a chuireann teorainn leis an bhféidearthacht measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh cuspóirí an chláir a bhaint amach.

- I gcás Fís 2020 agus SCE 2014-2020 araon, tá na cláir gar do bheith críochnaithe agus is lú ná leath de na táscairí feidhmíochta atá ag léiriú go bhfuil torthaí bainte amach nó go bhfuil siad ar an mbóthar ceart lena dhéanamh.

- I gcás chláir 2021-2027, agus i gcás na dtáscairí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith, tá an dul chun cinn maidir le Fís Eorpach, SCE agus Clár Spáis an Aontais ar an mbóthar ceart nó tá dul chun cinn measartha déanta. I gcás InvestEU, ní raibh aon spriocanna ag formhór na dtáscairí, mar sin ní féidir iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tuilleadh feabhais a chur ar inrianaitheacht na sonraí a thacaíonn le tuairisciú príomhtháscairí feidhmíochta.

- Feabhas a chur ar an bhfaireachán ar tháscairí.

- Feabhas a chur ar an measúnú ar phríomhtháscairí feidhmíochta.

**Cuid 3 – Obair leantach ar na moltaí a rinneadh inár dtuarascáil maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais – stádas ag deireadh 2021**

Sa chuid seo, tugtar faisnéis faoin obair leantach ar na moltaí a rinneadh inár dtuarascáil maidir le feidhmíocht bhuiséad an Aontais do bhliain airgeadais 2021.

Is i mbliana a bhí dhá cheann de na sé fhomholadh le cur chun feidhme. Mheasamar go raibh moladh amháin curtha chun feidhme go hiomlán ag an gCoimisiún, agus bhí an ceann eile curtha chun feidhme den chuid is mó. Bhí spriocdhátaí ag na ceithre fhomholadh eile a bhí nasctha le hullmhú CAI i ndiaidh 2027, a bhí fós ar siúl ag tráth ár n-iniúchta. I gcás trí cinn díobh sin, bhíomar in ann measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i dtreo an chur chun feidhme agus fuaireamar go raibh siad curtha chun feidhme den chuid is mó cheana féin.

Measann an Coimisiún go gcuireann an córas cuntasaíochta nua SUMMA bealaí teicniúla níos fearr ar fáil chun caiteachas a bhaineann le tosaíochtaí cothrománacha a rianú. Maidir leis an gcéad CAI eile, agus sula leathnófar an rianú ar chaiteachas den sórt sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar ábharthacht aon fhorbairt nua TF agus ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le haon fhorbairt den sórt sin. Faoi láthair, agus i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla bhunúsacha na gclár ábhartha, ní dhéanann an córas cuntasaíochta ach caiteachas aeráide a rianú agus a thuairisciú ar bhealach uathoibrithe. Maidir leis na tosaíochtaí cothrománacha eile, amhail an bhithéagsúlacht, an earnáil dhigiteach agus inscne, braitheann an Coimisiún ar shonraí a chuirtear isteach de láimh, ar próiseas fadálach é a bhíonn i mbaol earráidí.

*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 3 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (**eca.europa.eu**).*


# Ioncam

## Iomlán: €250.6 billiún

### A raibh á iniúchadh againn

Rinne ár n-iniúchadh an taobh ioncaim de bhuiséad an Aontais a chlúdach, a mhaoiníonn caiteachas an Aontais. Rinneamar scrúdú ar phríomhchórais rialuithe roghnaithe le haghaidh acmhainní dílse a bhainistiú, agus ar shampla d'idirbhearta ioncaim.

### Fíor 14 – Ioncam – Miondealú 2024*




* Seasann an t-iomlán de €250.6 billiún d'ioncam an Aontais i dtuarascálacha cur chun feidhme bhuiséad 2024, atá bunaithe ar rialacha modhnaithe maidir le cuntasaíocht airgid. Maidir leis an tsuim de €175.8 billiún i ráiteas feidhmíochta airgeadais 2024, déantar é sin a ríomh trí úsáid a bhaint as cuntasaíocht ar bhonn fabhraithe. Áirítear fáltais ó iasachtaíocht chun NGEU a mhaoiniú mar ioncam sna tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach, i gcomhréir le Rialachán 2020/2094, ach ní áirítear iad mar ioncam sa ráiteas feidhmíochta airgeadais i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

Is í **an acmhainn dhílis ó na Ballstáit atá bunaithe ar an ollioncam náisiúnta (OIN)** a chuir 36 % d'ioncam an Aontais ar fáil in 2024, agus bhí acmhainní dílse bunaithe ar **Cháin Bhreisluacha (CBT)** ag soláthar 9 %. Déantar ríomh ar na ranníocaíochtaí sin trí staidrimh mhaicreacnamaíoch agus meastacháin a sholáthraíonn na Ballstáit a úsáid. Tá **acmhainní dílse traidisiúnta (ADT)** comhdhéanta de dhleachtanna custaim ar allmhairí atá bailithe ag na Ballstáit thar ceann an Aontais, agus sholáthair siad 8 % eile d'ioncam an Aontais.

Soláthraíonn an acmhainn dhílis atá bunaithe ar **phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte (acmhainn dhílis na bplaisteach)** 3 % d'ioncam an Aontais. Déantar ríomh air seo trí ráta aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm ar mheáchan na pacáistíochta plaistí neamh-athchúrsáilte a ghintear i ngach aon Bhallstát.

Soláthraíonn méideanna a fhaightear ar iasacht chun tacaíocht airgeadais nach bhfuil in-aisíoctha do na Ballstáit a mhaoiniú i gcomhthéacs NGEU 29 % d'ioncam an Aontais. Foinsí suntasacha eile ná ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí atá nasctha le comhaontuithe agus cláir de chuid an Aontais, lena soláthraítear 11 % d'ioncam an Aontais. Áirítear orthu sin aisghabhálacha ó na Ballstáit sna réimsí seo a leanas: 'Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna', 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach', chomh maith le ranníocaíochtaí ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad le cláir agus gníomhaíochtaí an Aontais.

## A bhfuil faighte amach againn

**Rialtacht na n-idirbheart**

| Méid faoi iniúchóireacht | Tionchar ag earráid ábhartach? |
|---|---|
| €250.6 billiún | Níl – Saor ó earráid ábhartach in 2024 |

**Scrúdú ar ghnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh**

Tugann an fhianaise iniúchóireachta fhoriomlán le tuiscint nach raibh an leibhéal earráide san ioncam ábhartach. Maidir leis na córais ioncaim a scrúdaíomar, bhí siad sin éifeachtach go ginearálta. Mar sin féin, bhí roinnt gnéithe de na córais rialaithe chun forchoimeádais CBL agus pointí oscailte ADT a bhainistiú éifeachtach go pointe áirithe. Sa bhreis air sin, bhí soláthar faisnéise maidir le forchoimeádais OIN agus tuairisciú sonraí maidir le hacmhainn dhílis na bplaisteach, chomh maith le roinnt gnéithe de na príomhrialuithe inmheánacha ADT a ndearnamar measúnú orthu i dtrí Bhallstát, éifeachtach go pointe áirithe.

Thugamar ar aire gur tharla laghdú suntasach i líon na bhforchoimeádas CBL agus na bpointí oscailte ADT a bhí fós amuigh. Tá cuid acu, áfach, fágtha gan réiteach le níos mó ná cúig bliana.

Cé gur thug an Coimisiún timthriall fíorúcháin OIN chun críche faoi mar a bhí beartaithe aige, fuaireamar nach ndéanann cuid de na Ballstáit an fhaisnéis is gá i ndáil le forchoimeádais atá fós amuigh a sholáthar in am.

Thugamar ar aire go bhfuil roinnt Ballstát ann a sholáthraíonn sonraí faoi phlaistigh atá tiomsaithe bunaithe ar aon mhodh amháin. Go leor de na Ballstáit a sholáthraíonn sonraí atá ríofa trí úsáid a bhaint as dhá mhodh, ní dhéanann siad comhardú ar na torthaí. Níl sé sin ag teacht le rialacha an Aontais. Tá fíorú an Choimisiúin ar na sonraí fós ar siúl, agus tá na forchoimeádais atá i bhfeidhm go sonrach ag clúdach an dá mhodh tiomsaithe.

Fuaireamar laigí i mbainistiú agus cuntasaíocht ADT sna trí Bhallstát ar thugamar cuairt orthu. Tá an Coimisiún fós ag brath laigí den sórt sin in go leor de na Ballstáit, agus é ag tuairisciú orthu.

**Saincheisteanna eile**

Fuaireamar freisin go raibh rioscaí ann do chur chun feidhme tráthúil an athchóirithe custaim agus nach raibh a tionchar ar ranníocaíochtaí na mBallstát san áireamh sa chéad tuarascáil mheasúnaithe ón gCoimisiún ar an athchóiriú ar an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL. Ní dhéanann na saincheisteanna sin difear dár dtuairim iniúchóireachta maidir le rialtacht ioncaim, ós rud é nach mbaineann siad go díreach le hidirbhearta is bun leis na cuntais.

Go dtí go mbeidh an t-athchóiriú custaim glactha agus curtha chun feidhme, mairfidh na laigí atá sainaitheanta roimhe seo againn. In ainneoin mhéid agus chastacht an tionscadail, thugamar ar aire nach raibh plean forbartha ag an gCoimisiún chun ullmhú do chur chun feidhme an athchóirithe.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún dlús a chur lena ghníomhaíochtaí chun cur chun feidhme tráthúil an athchóirithe custaim a áirithiú, a luaithe a ghlacfar é, trí phlean a fhorbairt lena gcuirfear amlínte mionsonraithe ar fáil agus lena leithdháilfear freagrachtaí chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis an méid seo a leanas:

- bunú agus oibriú tosaigh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh go dtí go mbeidh an cumas oibríochtúil ag an Údarás a bhuiséad féin a chur chun feidhme;
- Mol Sonraí Custaim an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a chothabháil.




*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 4 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (eca.europa.eu).*

# An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach

**Iomlán: €25.9 billiún (13.5 % de chaiteachas buiséid AE)**

## A raibh faoi iniúchadh againn

Tá na cláir a mhaoinítear faoi CAI1 – 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach' ilghnéitheach agus tá sé mar aidhm leo maoiniú a dhéanamh ar thionscadail a rannchuidíonn, i measc nithe eile, le taighde agus nuálaíocht, le forbairt a dhéanamh ar bhonneagar Eorpach sna hearnálacha iompair, fuinnimh agus digiteacha, le córais chumarsáide, leis an gclaochlú digiteach agus an margadh aonair, agus leis an mbeartas spáis.


Is iad na príomhchláir do thaighde agus nuálaíocht ná Fís Eorpach le haghaidh thréimhse 2021-2027, agus a réamhtheachtaí, Fís 2020 (H2020) le haghaidh thréimhse 2014-2020. In 2024, bhí Fís 2020 ag seasamh do thart ar dhá thrian de na hidirbhearta taighde a ndearnamar iniúchóireacht orthu.

Chomh maith leis sin, cistíonn CAI1 tionscadail bhonneagair, amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE), ciste InvestEU agus na cláir spáis – lena n-áirítear Galileo (an córas domhanda um loingseoireacht satailíte atá ag an Aontas), Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS) agus Copernicus, Clár an Aontais um Fhaire na Cruinne.

## Fíor 15 – Íocaíochtaí

*(billiún euro)*

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir cistí**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

I gcás 2024, bhí €19 mbilliún faoi réir iniúchóireachta sa réimse seo. Is é an Coimisiún a dhéanann formhór an chaiteachais ar na cláir faoin gceannteideal seo a bhainistiú go díreach, lena n-áirítear trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin. Is iad na comhghnóthais agus na gníomhaireachtaí díláraithe a dhéanann na codanna eile den bhuiséad faoi cheannteideal MFF1 a chur chun feidhme. Is i bhfoirm deontais chuig tairbhithe poiblí nó príobháideacha a bhíonn rannpháirteach i dtionscadail a dhéantar an chuid is mó den chaiteachas taighde faoi na cláir Fís agus faoi SCE. Soláthraíonn an Coimisiún réamh-mhaoiniú ar dtús do thairbhithe nuair a shínítear comhaontú deontais. Is iad deontais an cineál maoinithe is coitianta i dtaighde, agus nuair a bhaintear leas astu chun na costais iarbhír a aisíoc, tuairiscíonn na tairbhithe a gcostais iarbhír agus aisíoctar iad dá réir ansin. Nuair a thugtar deontais chnapshuime, íoctar cnapshuim réamhshainithe leis na tairbhithe as gach pacáiste oibre atá curtha i gcrích, gan beann ar na costais iarbhír a tabhaíodh, i.e. eisíoctar an tacaíocht airgeadais nuair a thugtar na pacáistí oibre chun críche.

Is iondúil go mbíonn na cláir spáis á mbainistiú go hindíreach ag comhlachtaí cur chun feidhme atá tiomnaithe don chlár (amhail an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis), agus aisíoctar na comhlachtaí sin bunaithe ar an gcaiteachas iarbhír a thabhaigh siad ar na cláir. Is é an Banc Eorpach Infheistíochta nó an Ciste Eorpach Infheistíochta go príomha a dhéanann ionstraimí airgeadais (i.e. iasachtaí, ráthaíochtaí agus infheistíochtaí cothromais) faoin gclár InvestEU a chur chun feidhme, agus baineann siadsan úsáid as idirghabhálaithe airgeadais.


## A bhfuil faighte amach againn

**Rialtacht na n-idirbheart**

| Méid atá faoi iniúchóireacht | Tionchar ag earráid ábharthach? | Leibhéal earráide measta is dóchúla? |
|---|---|---|
| €19 mbilliún | Tá | 3.2 % (2023: 3.3 %) |

Ar an iomlán, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide in 'An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach' ábharthach. In 2024, bhí earráidí i 32 (25 %) de na 127 n-idirbheart a scrúdaíomar. Bunaithe ar na torthaí sin, agus ar earráidí breise a braitheadh in idirbhearta a bhí curtha chun feidhme ag gníomhaireachtaí an Aontais, ag na comhghnóthais agus ag an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide ag 3.2 % (féach ***Fíor 16***).

### Fíor 16 – Tionchar measta na n-earráidí inchainníochtaithe




*Foinse:* CIE.

Is clár caiteachais ardriosca fós é an taighde. Fuaireamar earráidí inchainníochtaithe i 26 as na 99 n-idirbheart taighde a ndearnamar iniúchóireacht orthu mar chuid dár sampla ionadaíoch (26 %). Baineann lear mór acu le costais phearsanra. Ní bhfuair ár n-iniúchadh aon difríochtaí suntasacha idir H2020 agus Fís Eorpach maidir le rialtacht an chaiteachais, in ainneoin na simplithe a thug Fís Eorpach isteach chun tuairisciú costais na dtairbhithe a éascú. I gcás cláir agus gníomhaíochtaí eile, bhraitheamar earráidí inchainníochtaithe i 2 as na 28 n-idirbheart inár sampla (agus bhain an péire sin le SCE).

**Simpliú trí chistiú cnapshuime**

Faoi Fís Eorpach, féadfaidh an Coimisiún tacaíocht airgeadais a sholáthar do thionscadail taighde freisin i bhfoirm deontais chnapshuime, má shonraítear an rogha sin sna cláir oibre nó i nglao ar thograí. Is rogha costais shimplithe é cistiú cnapshuime dá bhforáiltear in Airteagal 125 den Rialachán Airgeadais lena gceanglaítear go soláthraítear meastacháin mhionsonraithe ar na costais roimh ré le haghaidh gach aon chatagóire costais in aghaidh an tairbhí agus an phacáiste oibre. Roimh shíniú an chomhaontaithe deontais, déanann saineolaithe atá ar conradh ag an gCoimisiún measúnú ar na meastacháin chostais in aghaidh na ngníomhaíochtaí a moladh, lena chinntiú go bhfuil siad réasúnta agus neamhiomarcach. Íocann an Coimisiún méid an deontais ansin faoi réir ‘cur chun feidhme cuí’ na bpacáistí oibre, de réir mar atá siad measúnaithe ag saineolaithe.

Faoi 2027, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún 50 % ar a laghad den bhuiséad (a leithdháilfear ar ghlaonna) faoi Fís Eorpach a chur chun feidhme i bhfoirm an chistithe cnapshuime aonair. Is teoranta atá deonú cistiú den sórt go dtí seo, áfach, atá ag seasamh do thart ar 15 % de na deontais ar fad a síníodh in 2024. Dá bhrí sin, ní dhearnamar iniúchóireacht ach ar aon idirbheart cnapshuime aonair amháin i mbliana, agus thuairiscíomar fionnachtain neamh-inchainníochtaithe ar an meastachán le haghaidh costais trealaimh i dtogra an bhuiséid. Táimid ag dréim leis gur mó a bheidh cistiú cnapshuime le feiceáil inár sampla de réir a chéile sna blianta amach romhainn.

**Léirbhreithniú ar bhainistíocht an Choimisiúin ar thacaíocht airgeadais do thríú páirtithe i dtaighde**

Faoi na cláir thaighde, úsáidtear tacaíocht airgeadais do thríú páirtithe chun tacaíocht a sholáthar do thionscnaimh agus eintitis níos lú go ginearálta. Déanann an Coimisiún, in éineacht le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, comhaontuithe deontais le tairbhí amháin nó níos mó, a ghníomhaíonn mar chineál comhlachtaí cur chun feidhme trí dheontais a sholáthar do thríú páirtithe. Is é an méid is mó is féidir le tríú páirtí a fháil tríd an gcineál seo cistithe ná €60 000. Scrúdaíomar 11 idirbheart a bhí inár samplaí faoi CAI1 le haghaidh 2023 agus 2024.

Léirigh ár n-iniúchtaí go ndeachthas thar an tairseach de €60 000 i naoi gcinn de na 11 chás sin ós rud é nach raibh réasúnú cuí le haghaidh maolú sa chlár oibre ná sa ghlao. Níl sé sin ag teacht leis na ceanglais dhlíthiúla. Is i dtrí chás as 11, agus an méid sin amháin, a bhí na hoibleagáidí atá de dhíth faoi chomhaontuithe deontais an Aontais curtha san áireamh sna comhaontuithe a bhí tugtha i gcrích ag na tairbhithe agus tríú páirtithe. Maidir le dhá chás eile, cuireadh cuid de na hoibleagáidí san áireamh iontu, ach fágadh na hoibleagáidí sin ar fad ar lár ó na coinníollacha conarthacha sna sé chás eile.

Thairis sin, fuaireamar nach gceanglaítear ar na tairbhithe – a gcuireann an Coimisiún ar a n-iontaoibh tacaíocht airgeadais a bhainistiú do thríú páirtithe – éifeachtacht a rialuithe a léiriú chun rialtacht an chaiteachais ón Aontas a áirithiú. Measaimid go gcruthaíonn sé sin riosca ar leith don bhainistíocht fhónta airgeadais agus do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

**Tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí agus comhshocruithe rialachais eile**

Rinneamar léirbhreithniú ar an bhfaisnéis in TBBF 2024 ón gCoimisiún i ndáil leis an riosca measta ag tráth na híocaíochta le haghaidh CAI1 ag 1.6 %. Tá an céatadán sin sa chuid íochtarach den raon don leibhéal earráide measta atá againne, agus faoi mar a bhí i bhformhór na mblianta, agus tá sé faoi bhun an leibhéil ábharthachta.

Ós rud é gur seoladh na feachtais iniúchóireachta *ex post* le haghaidh Fís Eorpach agus an Eoraip Dhigiteach sa dara leath de 2024, níl fáil go fóill ar aon ráta earráide braite do na cláir sin. Dá bhrí sin, bhain AS CNECT agus ERCEA úsáid as a sprioc nach mbeadh níos mó ná 2 % ann don ráta earráidí iarmharacha le haghaidh na gclár sin mar an ráta earráide measta. Measaimid freisin go dtugann a gcuid tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí measúnú fíorcheart ar an mbainistiú airgeadais a mhéid a bhaineann le rialtacht na n-idirbheart is bun le caiteachas CAI1.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ndeontas cnapshuime, agus é mar aidhm leis sin ionchur a chur ar fáil i dtaobh úsáid cistithe cnapshuime amach anseo; agus
- feabhas a chur ar bhainistiú ar thacaíocht airgeadais do thríú páirtithe a fheabhsú.





*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 5 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár* ***suíomh gréasáin*** *(**eca.europa.eu**).*

# Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna

**Iomlán: €61.4 billiún (32.1 % de chaiteachas buiséid AE)**


## A raibh faoi iniúchadh againn

Díríonn an caiteachas faoin gceannteideal seo ar éagothromaíochtaí forbartha idir na Ballstáit agus na réigiúin éagsúla den Aontas a laghdú (fo-cheannteideal 2a), agus ar ghníomhaíochtaí chun tacú le luachanna an Aontais agus chun iad a chosaint, ionas go mbeidh an tAontas níos athléimní agus é ag dul i ngleic le dúshláin atá anois ann agus a bheidh ann amach anseo (fo-cheannteideal 2b). Tugtar forléargas i ***bhFíor 17*** ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar an gcaiteachas faoin gceannteideal sin in 2024.

## Fíor 17 – Íocaíochtaí

*(billiún euro)*

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir cistí**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

Is éard a bhí inár bpobal iniúchóireachta don cheannteideal sin de CAI ná caiteachas a cuireadh san áireamh sna cuntais ar ghlac an Coimisiún leo in 2024. Is é an cur chuige atá againn ná tástáil a dhéanamh ar idirbhearta a bhfuil na Ballstáit, de réir na reachtaíochta, ceaptha gach gníomhaíocht ábhartha ina leith a bheith curtha chun feidhme acu chun earráidí a shainaithin siad féin a cheartú.

Déantar cistí faoin mbeartas comhtháthaithe, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa/an Ciste Comhtháthaithe (CFRE/CC) agus an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) a chur chun feidhme faoin mbainistíocht chomhroinnte. Clúdaíonn Ceannteideal 2 de CAI freisin cistiú ón Aontas trí chláir nó gníomhaíochtaí atá á mbainistiú go díreach ag Ardstiúrthóireachtaí (ASanna) an Choimisiúin (lena n-áirítear trí ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais) nó go hindíreach le tacaíocht ó eagraíochtaí comhpháirtíochta nó údaráis eile, amhail gníomhaireachtaí náisiúnta Erasmus+[25].


[25] AS COMM, AS DIGIT, AS EMPL, AS REGIO, An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA), *An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HaDEA), agus An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)* i dtaca le caiteachas inár bpobal do 2024.

## A bhfuil faighte amach againn

| Méid faoi réir iniúchóireachta | Tionchar ag earráid ábharthach? | Leibhéal earráide measta is dóchúla |
|---|---|---|
| €55.2 billiún | Tá | 5.7 % (2023: 9.3 %) |

Le haghaidh 2024, tá ár ráta earráide measta le haghaidh Cheannteideal 2 de CAI arís níos airde ná an uasteorainn ábharthachta de 2 % ag 5.7 %. Tá sé sin bunaithe ar ár n-iniúchadh ar 223 idirbheart, inar shainaithníomar agus inar chainníochtaíomar 44 earráid (49 n-earráid le haghaidh sampla de 238 n-idirbheart in 2023), nár bhraith na húdaráis iniúchóireachta nó, i gcás inar braitheadh iad, nár cheartaigh siad go leordhóthanach. Áirítear inár meastachán freisin fionnachtana na n-údarás iniúchóireachta, a thuairiscigh 47 n-earráid (52 in 2023) sna hidirbhearta céanna. Agus muid ag teacht ar ár meastachán, chuireamar san áireamh na ceartúcháin a chuir údaráis an chláir i bhfeidhm (luach iomlán €248.5 milliún).


## Fíor 18 – Tionchar measta na n-earráidí inchainníochtaithe




*Foinse:* CIE.

Léirítear i ***bhFíor 19*** rannchuidiú na 44 earráid inchainníochtaithe a fuaireamar leis an ráta earráide iomlán sa bhreis ar na hearráidí sin a bhraith na húdaráis iniúchóireachta nó nár cheartaigh siad go leordhóthanach maidir leis na hidirbhearta céanna.

## Fíor 19 – Rannchuidiú na n-earráidí a fuaireamar leis an ráta earráide foriomlán




**pc**: (pointe céatadáin)

*Foinse:* CIE.

**Bainistíocht chomhroinnte**

Is **costais neamh-incháilithe** an earráid is minice a aimsíonn na húdaráis iniúchóireachta. Fuaireamar 24 chás de chostais neamh-incháilithe nár bhraith na húdaráis iniúchóireachta cé gur sheiceáil siad na hidirbhearta céanna. Na príomhchúiseanna don neamh-incháilitheacht ná neamh-chomhlíonadh rialacha incháilitheachta cistiúcháin agus earráidí i ríomh costais.

Bhain 12 idirbheart inár sampla le vacsaíní agus cógais COVID-19 a cheannach. Mar chuid dár gcuid oibre ar na hidirbhearta sin, rinneamar iniúchóireacht freisin ar na nósanna imeachta soláthair phoiblí a rinne an Coimisiún thar ceann na mBallstát chun comhaontuithe ceannaigh a thabhairt i gcrích. Shainaithníomar roinnt saincheisteanna, amhail doiciméadú neamhdhóthanach sa chaibidlíocht leis na soláthróirí maidir le téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí, lena n-áirítear praghas agus líon na ndáileog. Ag teacht lenár modheolaíocht[26], ní dhearnamar na neamhrialtachtaí sin a chainníochtú. Tugaimid ar aire gur mheabhraigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, ina breithiúnas an 14 Bealtaine 2025[27] maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid áirithe i gcomhthéacs sholáthar vacsaíní COVID-19, an ceanglas trédhearcachta, lena gceanglaítear ar na hinstitiúidí doiciméid a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a tharraingt suas agus a choinneáil ar bhealach neamh-threallach agus intuartha, agus rialaigh sí nár chomhlíon an Coimisiún a oibleagáidí maidir le riarachán maith.

[26] Cainníochtú na n-earráidí soláthair phoiblí de réir na Cúirte Iniúchóirí.

[27] Breithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 14 Bealtaine 2025, *Stevi agus The New York Times v Commission*, T-36/23, ECLI:EU:T:2025:483, go háirithe míreanna 59 agus 85.

Shainaithníomar trí **thionscadal atá go hiomlán neamh-incháilithe**, dhá cheann san Ungáir agus ceann sa tSeicia agus tionscadal amháin a bhí neamh-incháilithe go páirteach sa Phortaingéil, ar deonaíodh cabhair dóibh cé nár chomhlíon siad critéir na nglaonna gaolmhara ar thograí.

I 15 nós imeachta a ndearnamar iniúchóireacht orthu, shainaithníomar cásanna de neamhchomhlíonadh rialacha **soláthair phoiblí** an Aontais nó rialacha soláthair phoiblí náisiúnta sa tSeicia, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Fhrainc, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa Rómáin, sa Ríocht Aontaithe, agus ar leibhéal an Choimisiúin maidir le soláthar poiblí le haghaidh vacsaíní agus cógais COVID-19. Rinneamar trí chás a chainníochtú, lena n-áirítear cás amháin inar mhainnigh an tairbhí comhairliúchán margaidh a dhéanamh. Ní dhearnamar cainníochtú ar 12 de na 15 chás, mar – de réir ár modheolaíochta – nach raibh aon tionchar díreach acu ar an íocaíocht a rinneadh.

Shainaithníomar ceithre thionscadal a sháraigh rialacha an Aontais maidir le **státchabhair**, dhá cheann sa Ghearmáin, ceann amháin sa Pholainn agus ceann san Ísiltír. I ndáil le ceann de na cásanna sa Ghearmáin, bhí an chabhair a deonaíodh níos mó ná an déine chabhrach atá ceadaithe.

Tá sé de cheangal ar thairbhithe agus ar údaráis na gclár rian iniúchóireachta leormhaith a chothabháil. Fuaireamar nach raibh faisnéis tacaíochta nó doiciméadacht tacaíochta ar fáil i gcás ocht gcinn de na hidirbhearta a scrúdaíomar. Rinneamar sé cinn de na hearráidí sin a chainníochtú toisc nach raibh údaráis an chláir ná na tairbhithe in ann **doiciméid fhíor-riachtanacha** a sholáthar chun a léiriú gur comhlíonadh na coinníollacha incháilitheachta. I gceann de na sé chás san Ísiltír, níor tugadh cruthúnas i dtaobh sheachadadh na seirbhísí comhairleacha.

**Ionstraimí airgeadais**

Is foirm thacaíochta in-aisíoctha atá in ionstraimí airgeadais. As na hocht n-idirbheart a chlúdaigh 83 fhaighteoir deiridh agus dhá tháille bhainistíochta a ndearnamar iniúchóireacht orthu, fuaireamar sé fhaighteoir deiridh a fuair tacaíocht d’ainneoin go raibh siad ag infheistiú in earnáil eacnamaíoch neamh-incháilithe nó a fuair tacaíocht cé nach raibh siad ag comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta (ceithre cinn sa Ghearmáin, ceann amháin sa Ghréig agus ceann amháin san Ungáir).

**Idirbhearta arna mbainistiú go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún**

Fuaireamar ceithre earráid inar thacaigh an Coimisiún go díreach le tionscadail tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA), tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) agus trí BEI; agus rinneamar na hearráidí sin a chainníochtú. I gcás tionscadal amháin a bhí á chómhaoiniú ag an gCoimisiún (EACEA), bhí na costais phearsanra a fógraíodh ina sárú ar an gcomhaontú deontais. Bhraitheamar costais neamh-incháilithe freisin lenar cuimsíodh costais phearsanra rómheasta i ngníomhaíochtaí a fuair cistiú faoi Erasmus+ sa Ghréig agus sa Phortaingéil. Is ionann na cásanna cainníochtaithe iomlána atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach agus thart ar 0.7 pointe céatadáin dár leibhéal earráide measta.

**Bainistíocht fhónta airgeadais**

Ní mór buiséad an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach dlíthiúil agus rialta, i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais, ina gcuimsítear prionsabail na barainneachta, na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta. Le Rialachán na bhForálacha Coiteanna[28], ceanglaítear ar na Ballstáit na prionsabail sin a urramú nuair a bhíonn cistí an bheartais comhtháthaithe á gcur chun feidhme acu. Bhraith ár gcuid oibre sé chás nach raibh ag urramú na bprionsabal sin, cás amháin sa tSeicia, trí chás san Iodáil agus dhá chás sa Pholainn. I bpéire de na cásanna san Iodáil, a bhain le tionscadail CFRE, fágann an t-ualú íseal atá tugtha sa chritéar praghsála sna nósanna imeachta soláthair phoiblí nach móide gur baineadh luach ar airgead amach.

**Ár measúnú ar obair na n-údarás iniúchóireachta**

Rinneamar measúnú ar obair 22 den 119 n-údarás iniúchóireachta, i 15 Bhallstát agus sa Ríocht Aontaithe. Bhí ár sampla comhdhéanta de 30 pacáiste dearbhaithe a bhí faoina gcúram. I ngach cás seachas aon chás amháin, thuairiscigh na húdaráis iniúchóireachta ráta earráidí iarmharacha arbh ionann é agus 2 % nó a bhí faoina bhun. Ag cur san áireamh na hearráidí a bhraith an Coimisiún agus ár bhfionnachtana iniúchóireachta féin, léiríonn ár gcuid oibre ar shampla na bliana seo go raibh an ráta earráidí iarmharacha os cionn 2 % i 16 de na 30 pacáiste dearbhaithe a ndearnadh iniúchóireacht orthu. D'fhéadfadh na hearráidí a fuaireamar a bheith braite ag na húdaráis iniúchóireachta nuair a rinne siad a seiceálacha, agus ba cheart go mbeidís braite acu. Laghdaíonn sé sin a mhéid is féidir leis an gCoimisiún brath ar thorthaí a gcuid oibre.

Ó 2017 i leith, tá earráidí aicmithe againn mar earráidí inchainníochtaithe in 69 de na 110 bpacáiste dearbhaithe a ndearnamar iniúchadh orthu uair amháin ar a laghad. Tugaimid faoi deara nár thit sciar na bpacáistí dearbhaithe a raibh rátaí earráidí iarmharacha os cionn 2 % acu faoi bhun 39 % den chaiteachas inár samplaí. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil easnaimh leanúnacha fós ann in obair na n-údarás iniúchóireachta nach dtugtar aghaidh leordhóthanach orthu in obair dhearbhaithe an Choimisiúin.

**Obair dhearbhaithe an Choimisiúin agus tuairisciú ina thuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí**

Ar an iomlán, tháinig AS REGIO ar an gconclúid ina TBG go raibh leibhéal ábhartha caiteachais neamhrialta fós sna cuntais a raibh glacadh leo le haghaidh CFRE/CC, d'ainneoin thorthaí na rialuithe agus na gceartúchán a bhí curtha i bhfeidhm cheana féin ar leibhéal na mBallstát. Tháinig AS EMPL ar an gconclúid chéanna i gcás CSE/TFAO agus FEAD.

Mar a dearbhaíodh inár n-athbhreithniú ar an gcreat dearbhaithe comhtháthaithe, measaimid go ndéanann an Coimisiún gannmheastachán ar an leibhéal earráide a thuairiscíonn sé, cé go n-aontaíonn sé lenár gconclúid fhoriomlán go gcuireann earráidí isteach go hábhartha ar chaiteachas comhtháthaithe.

Inár gcuid oibre i mbliana, shainaithníomar easnaimh i bpleanáil agus ullmhú obair iniúchóireachta na n-údarás, amhail laigí sna cuir chuige don tsampláil agus seicliostaí nach raibh iomlán. Fuaireamar cás de chlár oibríochtúil san Ungáir a bhí faoi réir ceartúchán ar chothromráta nach ndearna an t-údarás iniúchóireachta – nuair a bhí an ceartúchán a bhí comhaontaithe leis an gCoimisiún á chur i bhfeidhm – a fhíorú arís an raibh na costais dlíthiúil agus rialta.

---

[28] Airteagal 125 de RFC.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go neartaíonn na húdaráis iniúchóireachta a n-acmhainneacht rialaithe agus braite, trína fhíorú go ndéanann siad an méid seo a leanas: (a) an tsampláil a phleanáil i gceart; (b) a dheimhniú go bhfuil cruthúnas ann go bhfuil na critéir incháilitheachta á gcomhlíonadh; agus (c) doiciméid chuí a choinneáil chun tacú leis an rian iniúchóireachta.

- a áirithiú, nuair a bhraitear laigí córasacha i gcláir (oibríochtúla) agus nuair a fhorchuirtear cothromráta, nach n-úsáideann údaráis na mBallstát an sásra ceartúcháin ar chothromráta chun a bhfreagracht a sheachaint maidir le hincháilitheacht an chaiteachais a sheiceáil sula ndearbhóidh siad don Choimisiún é, agus aisghabhálacha aonair a dhéanamh de réir mar is gá.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 6 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (**eca.europa.eu**).*

# Acmhainní Nádúrtha

**Iomlán: €64.4 billiún (33.7 % de chaiteachas buiséid AE)**

## A raibh á iniúchadh againn


Cuirtear i láthair sa chaibidil seo ár bhfionnachtana faoi Cheannteideal 3 den *Chreat Airgeadais Ilbhliantúil* (CAI) – 'Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol'. Tugtar forléargas i ***bhFíor 20*** ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar an gcaiteachas faoin gceannteideal sin in 2024.

## Fíor 20 – Íocaíochtaí

**Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**
**€64.4 billiún (33.7 % de chaiteachas buiséid AE)**

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir cistí**

*(billiún euro)*




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais Eorpaigh.

In 2024, bhí príomhchion (87.2 %) de chaiteachas an Aontais Eorpaigh ar CAI3 ag gabháil leis an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT). Tá trí chuspóir ghinearálta ag CBT le haghaidh thréimhse 2023-2027[29]:

- Earnáil talmhaíochta chliste, iomaíoch, athléimneach agus éagsúlaithe a chothú lena n-áiritheofar an tslándáil bia fhadtéarmach;
- Tacú le cosaint an chomhshaoil agus í a neartú, lena n-áirítear bithéagsúlacht agus gníomhú ar son na haeráide;
- Bonn socheacnamaíoch na gceantar tuaithe a neartú.

[29] Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/2115 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (pleananna straitéiseacha CBT).

Áirítear an Ciste um Aistriú Cóir (CUAC) i gceannteideal 3 de CAI freisin, ar ciste é sin a bunaíodh do thréimhse 2021-2027 chun tacú le réigiúin agus daoine a ndéanann an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta difear dóibh (9.7 % de na híocaíochtaí faoin gceannteideal seo). Ba réamh-mhaoiniú gan imréiteach a bhí i mbeagnach gach íocaíocht ó CUAC in 2024, rud nach n-áirímid sa phobal iniúchóireachta.

Clúdaíonn an ceannteideal seo de CAI caiteachas an Aontais faoin mbeartas muirí agus iascaigh a mhaoinítear leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), a thagann faoi fhreagracht Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hIascaireachta (AS MARE), agus clár LIFE don chomhshaol agus do ghníomhú ar son na haeráide faoi fhreagracht na hArd-Stiúrthóireachta um an gComhshaoil (AS ENV), na hArd-Stiúrthóireachta um Ghníomhú ar son na hAeráide (AS CLIMA), agus na hArd-Stiúrthóireachta um Fhuinneamh (AS ENER).


## A bhfuil faighte amach againn

**Torthaí na tástála ar idirbhearta**

| Méid atá faoi iniúchóireacht | Tionchar ag earráid ábhartha? | Leibhéal earráide measta is dóchúla |
|---|---|---|
| €64.4 billiún | Tá | 2.6 % (2023: 2.2 %) |

As na 228 n-idirbheart a scrúdaíodh, bhí earráidí i 39 (17 %) díobh. Bunaithe ar na 22 earráid atá cainníochtaithe againn, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide ag 2.6 %. Féach ***Fíor 21***.


### Fíor 21 – Torthaí na tástála ar idirbhearta




*Foinse:* CIE.

Tugann *Fíor 22* miondealú ar ár leibhéal earráide measta do 2024 de réir chatagóir na hearráide.

## Fíor 22 – Baineann cuid mhaith den leibhéal earráide measta le hearráidí riaracháin




*Foinse:* CIE.

Tugann ár dtorthaí le tuiscint nach raibh an leibhéal earráide ábharthach i gcás íocaíochtaí díreacha (gan éiciscéimeanna a áireamh), atá ag seasamh do 46 % den chaiteachas faoin gceannteideal seo de CAI, ach go raibh sé ábharthach i gcás na réimsí caiteachais eile ar an iomlán (éiciscéimeanna, forbairt tuaithe, bearta margaidh, an réimse muirí, iascaigh, an comhshaol agus gníomhú ar son na haeráide), atá ag seasamh do 54 % den chaiteachas.

**Íocaíochtaí díreacha**

Sna 65 idirbheart íocaíochta dírí (gan éiciscéimeanna san áireamh) a tástáladh, fuaireamar trí earráid inchainníochtaithe: dhá ródhearbhú ar limistéar nó líon na n-ainmhithe faoin tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hidirghabhála inbhuanaitheachta agus íocaíocht mhíchuí tacaíochta faoi scéim POSEI do na réigiúin is forimeallaí[30].

Sna 35 idirbheart éiciscéime, fuaireamar ocht n-earráid inchainníochtaithe. Bhí cúig cinn ar leibhéal an tairbhí deiridh lena n-áirítear péire maidir le ródhearbhú limistéir, péire i gcás neamhchomhlíonadh an ghealltanais éiciscéime nó cur i bhfeidhm mícheart na rialacha, agus ceann amháin de thairbhí neamh-incháilithe. Bhí trí earráid ar leibhéal an údaráis bainistíochta, mar gheall ar chreat dlíthiúil easnamhach nó cur i bhfeidhm mícheart na rialacha, rud a léiríonn castacht ghinearálta na n-éiciscéimeanna sa chéad bhliain den chur chun feidhme.

30 An Clár de Roghanna a bhaineann go sonrach le hIargúltacht agus le hOileánacht (POSEI). Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas.

**Forbairt tuaithe, bearta margaidh agus réimsí beartais eile**

Anseo thíos, tá liosta de na hidirbhearta a scrúdaíomar agus na hearráidí a rinneamar a chainníochtú:

- Sna 41 idirbheart forbartha tuaithe a thástálamar a bhí bainteach le limistéir nó ainmhithe, bhí earráid inchainníochtaithe ag gabháil le péire acu: ceann amháin a bhaineann le ródhearbhú ar an limistéar incháilithe agus an ceann eile le neamhchomhlíonadh leasa ainmhithe ar fheirm muc.

- Scrúdaíomar 63 íocaíocht forbartha tuaithe a rinneadh i dtionscadail infheistíochta. Rinneamar earráidí a chainníochtú i sé íocaíocht, mar thoradh ar chaiteachas nó gníomhaíochtaí a bheith dearbhaithe ag tairbhithe nach raibh ag comhlíonadh na gcoinníollacha incháilitheachta. I gcás amháin, tharla an earráid toisc nár chomhlíon feirmeoir na coinníollacha maidir le tacaíocht a fháil le haghaidh infheistíocht neamhtháirgiúil.

- Sna 14 idirbheart do bhearta sna margaí a ndearnadh tástáil orthu, rinneamar cainníochtú ar earráidí in dhá chás.

- I gcás na réimsí muirí, iascaigh, comhshaoil agus gníomhaíochta ar son na haeráide, rinneamar iniúchóireacht ar 10 n-idirbheart agus fuaireamar earráid inchainníochtaithe amháin sna hidirbhearta faoi bhainistíocht dhíreach faoi CEMI.

**Tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí agus comhshocraithe rialachais eile**

Le haghaidh 2024, ríomh AS AGRI an ‘méid measta faoi riosca ag tráth na híocaíochta’ ag thart ar 2.8 % de €12.5 billiún de chaiteachas lasmuigh de phleananna straitéiseacha CBT, lena n-áirítear thart ar 5.9 % le haghaidh íocaíochtaí díreacha, 2.8 % le haghaidh forbairt tuaithe agus 2.0 % de €2.1 billiún le haghaidh bearta margaidh. Níl an figiúr d’íocaíochtaí díreacha inchomparáide le figiúr na mblianta roimhe sin toisc gur bhain sé den chuid is mó le tacaíocht do na réigiúin is forimeallaí faoi scéim POSEI, nach raibh inti ach thart ar 1.2 % d’íocaíochtaí díreacha (€0.5 billiún).

Le haghaidh 2024, chuir AS AGRI toradh na n-íocaíochtaí a bhí bunaithe ar fheidhmíocht agus ar chomhlíontacht le chéile, agus rinne sé measúnú ar 77 % de chaiteachas CBT mar chaiteachas ísealriosca, 10 % mar chaiteachas meánriosca, agus 13 % mar chaiteachas ardriosca. Mar chomparáid, soláthraíonn AS AGRI meastachán de 69 % in TBG 2024 le haghaidh caiteachas CBT a mbaineann riosca íseal leis le haghaidh 2023, nuair a bhí an ‘méid measta faoi riosca ag tráth na híocaíochta’ ag 1.9 % ar an iomlán.

**Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht (TBBF) an Choimisiúin**

Ní sholáthraíonn an Coimisiún meastachán a thuilleadh ar an riosca ag tráth na híocaíochta le haghaidh ‘Acmhainní Nádúrtha’ ina TBBF, ós rud é nach bhfuil ach 23 % den cheannteideal clúdaithe ag creataí comhlíontachta AS AGRI, AS MARE, AS ENV agus AS CLIMA.

**Léirbhreithniú ar na córais tuairiscithe feidhmíochta nua**

Bunaithe ar ár suirbhé, fuaireamar go raibh córais tuairiscithe feidhmíochta na ngníomhaireachtaí íocaíochta fós á bhforbairt in 2024. Cé go raibh táirgeadh táscairí feidhmíochta uathoibrithe ag 18 ngníomhaireacht íocaíochta, thuairiscigh dhá ghníomhaireacht go raibh cur chuige de láimh nó uathoibrithe go pointe áirithe á úsáid acu chun príomhtháscairí aschuir áirithe a tháirgeadh dá TBFanna in 2024. Mar gheall ar fhorbairtí leanúnacha, ní dhearnadh tástáil iomlán go fóill ar na córais TF uasghrádaithe chun na TBFanna a tháirgeadh d’fhonn a sheiceáil go gcomhlíonann siad na caighdeáin idirnáisiúnta slándála faisnéise (ISO 27001).

Tugann torthaí ár n-athbhreithnithe le fios gur tugadh isteach an tuairisciú bliantúil ar fheidhmíocht, den chuid is mó, mar a bhí beartaithe. Níor shainaithníomar aon fhadhb leis na sonraí a tuairiscíodh. Maidir le cur ar bun agus dearadh na gcóras tuairiscithe feidhmíochta, clúdaíonn na critéir chreidiúnúcháin le haghaidh gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí comhordaithe imlonnú cuí na gcóras TF. Áiríonn sé sin córais tuairiscithe feidhmíochta atá deartha laistigh dá scóip. Tá ar na Ballstáit an deimhniú ábhartha don chóras bainistithe slándála faisnéise a áirithiú agus a chinntiú go bhfuil na córais sin ag feidhmiú go cuí.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún tacaíocht a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le héiciscéimeanna nach bhfuil chomh casta céanna a dhearadh – gan a n-uaillmhian a chur i mbaol – bunaithe ar eolas agus saineolas a fuarthas trí chur chun feidhme scéimeanna tosaigh thréimhse 2023-2027 a chomhroinnt.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 7 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (eca.europa.eu).*

## Imirce agus Bainistiú Teorainneacha, Slándáil agus Cosaint


**Iomlán: €5.5 billiún (2.9 % de chaiteachas buiséid AE)**

### A raibh faoi iniúchadh againn

Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair ár gcuid fionnachtana do Cheannteideal 4 den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) – 'Imirce agus Bainistiú Teorainneacha', agus do Cheannteideal 5 – 'Slándáil agus Cosaint'. Tugtar forléargas i ***bhFíor 23*** agus i ***bhFíor 24*** ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar an gcaiteachas faoi na ceannteidil sin in 2024.

**Imirce agus bainistiú teorainneacha**

### Fíor 23 – Íocaíochtaí – Imirce agus Bainistiú Teorainneacha




(*) Déanaimid tuairisciú ar íocaíochtaí le gníomhaireachtaí díláraithe i dTuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh uainn.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais.

Bhí cuid shuntasach den chaiteachas faoin cheannteideal seo in 2024 fós ag baint le críochnú tionscadal agus clár a seoladh faoi CAI 2014-2020, agus bhain siad le foirceannadh an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus an Chiste Slándála Inmheánaí – Teorainneacha agus Víosaí (CSI-BV). Tá na cistí sin i mbun an phróisis lena ndúnadh agus rinneadh CAI 2021-2027 a ionadú le AMIF nua, agus an leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV) den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha.


Réimse caiteachais eile atá suntasach do Cheannteideal 4 de CAI is ea cistiú gníomhaireachtaí díláraithe (an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)).

**Slándáil agus cosaint**

## Fíor 24 – Íocaíochtaí – Slándáil agus cosaint

*(billiún euro)*

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir cistí/réimse caiteachais**




(*) Déanaimid tuairisciú ar íocaíochtaí le gníomhaireachtaí díláraithe i dTuarascáil bhliantúil ar ghníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh uainn.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais.

Áirítear an méid seo a leanas sa chomhchuid 'slándála': cistiú ón gCiste Slándála Inmheánaí (CSI) le haghaidh 2021-2027 agus tabhairt i gcrích na dtionscadal agus na scéimeanna atá á gcistiú faoin gCiste Slándála Inmheánaí – Ionstraim Phóilíneachta (ISF-P) le haghaidh 2014-2020. Sa chomhchuid sin freisin áirítear an cistiú le haghaidh díchoimisiúnú núicléach sa Bhulgáir, sa Liotuáin agus sa tSlóvaic agus cistiú do ghníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais i réimse na slándála. Áirítear sa chomhchuid 'cosanta' an clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) agus an Ciste Eorpach Cosanta a thacaíonn le tionscadail chomhoibritheacha cosanta ag gach céim den taighde agus forbairt, agus déanann Ard-Stiúrthóireacht na Cosanta, an Tionscail agus an Spáis (AS DEFIS) sa Choimisiún bainistiú orthu. Tacaíonn an chomhchuid sin freisin leis an tsoghluaisteacht mhíleata trí bhuiséad tiomnaithe laistigh den tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, agus baineann sé le stráicí den Ghréasán Tras-Eorpach Iompair a oiriúnú chun críocha dé-úsáide sibhialta agus míleata. Tá tionscadail shonracha ann freisin atá cistithe ag an gCiste Eorpach Cosanta, a bhaineann le soghluaisteacht mhíleata.

**Cláir faoi bhainistíocht chomhroinnte a chur chun feidhme**

An bhainistíocht a dhéantar ar an gcuid is mó de chistiúchán AMIF agus ISF le haghaidh 2014-2020 agus ar an gcuid is mó de chistiúchán AMIF, BMVI agus ISF le haghaidh 2021-2027, tá sí comhroinnte idir na Ballstáit (nó ceithre thír chomhlachaithe Schengen) agus an Ardstiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) sa Choimisiún. Leis an socrú seo, déanann Ballstáit cláir ilbhliantúla atá formheasta ag an gCoimisiún a chur chun feidhme. Nuair a bhreathnaítear orthu sin i riocht carntha, tá dlús curtha ag na Ballstáit le cur chun feidhme chláir 2014-2020 ó 2020 i leith. Mar sin féin, tá méid ábharthach den chistiú fós le himréiteach (12 % i gcás AMIF agus 16 % i gcás ISF).

## A bhfuil faighte amach againn

**Rialtacht na n-idirbheart**

As na 23 idirbheart a scrúdaíomar, rinne earráidí difear d'ocht gcinn acu. Tá trí cinn de na hearráidí sin cainníochtaithe againn, a raibh tionchar airgeadais acu ar na méideanna a gearradh ar bhuiséad an Aontais. Bhain na hearráidí sin le cistiú a bhí lasmuigh den tréimhse cur chun feidhme, le cistiú nár úsáideadh don chúis a bhí beartaithe leis, le doiciméid tacaíochta riachtanacha a bheith in easnamh, agus le cineálacha eile de chaiteachas neamh-incháilithe.

Thángamar ar sheacht gcás nár chomhlíon forálacha dlíthiúla agus airgeadais, ach ní raibh aon tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais. Bhain na cásanna sin – mar shampla – le heasnaimh i nósanna imeachta chun deontais a dhámhachtain, le faireachán ar thionscadail, le cistiú an Aontais nár úsáideadh don chúis a bhí beartaithe leis, agus le laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí.

Cé nach ndearna earráidí rialtachta difear dóibh, fuaireamar freisin dhá idirbheart inár sampla nár chomhlíon prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Bhain siad sin le cosaint neamhleor do threalamh atá á chistiú ag an Aontas, agus le haisíoc cánach breisluacha le comhlachtaí poiblí níos airde ná na costais a tabhaíodh – a bhí contrártha do threoraíocht ón gCoimisiún.

Chuir roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta srian ar an rochtain a bhí againn ar dhoiciméid sa mhéid is nár tugadh dúinn ach cead breathnú ar dhoiciméid i bhfoirm leictreonach, agus é sin go sealadach, i dtimpeallacht 'cead amhairc amháin' gan iad a aistriú chugainn. Chuir sé sin bac ar phleanáil, forghníomhú agus rialú cáilíochta ár n-iniúchóireachta. I ndiaidh na hoibre iniúchóireachta agus sular tugadh an t-iniúchadh chun críche, thug gach eagraíocht idirnáisiúnta ar deireadh – cé is moite de cheann amháin acu – cead na doiciméid a iarradh a íoslódáil, ach ba ar bhonn deonach mar chuid de threoirthionscadal a tharla sé sin. Mar sin, ní mheasaimid go bhfuil réiteach éifeachtach ar an tsaincheist seo.

**Scrúdú ar ghnéithe de na córais rialaithe inmheánaigh**

Bhí nósanna imeachta mionsonraithe de cháilíocht leordhóthanach chun tuairisciú a dhéanamh ar a gcuid oibre sa tuarascáil bhliantúil ar rialú forbartha agus curtha chun feidhme ag na cúig údarás iniúchóireachta a ndearnamar iniúchóireacht orthu. Fuaireamar, áfach, nach ndearna údarás iniúchóireachta na Fionlainne aon iniúchtaí ar oibríochtaí maidir le caiteachas a bhí luaite i gcuntais bhliantúla AMIF. In ainneoin é sin a bheith ar eolas aige, ghlac an Coimisiún le tuairim an údaráis iniúchóireachta agus d'íoc sé an t-iarmhéid deiridh gan nós imeachta sáraíochta. Fuaireamar freisin nach ndearna údarás iniúchóireachta na Sualainne aon obair iniúchóireachta i leith córas le haghaidh na tréimhse airgeadais a bhí faoi iniúchóireacht. Mar thoradh air sin, cé gur eisigh an dá údarás iniúchóireachta tuairimí iniúchóireachta fabhracha, ní raibh obair iniúchóireachta leordhóthanach ag gabháil le codanna de na tuairimí sin chun tacú leo, rud a d'fhéadfadh an leibhéal dearbhaithe a bhí curtha ar fáil a laghdú.

Roghnaíomar 14 chomhad iniúchóireachta ó na cúig údarás iniúchóireachta céanna. Ar an iomlán, fuaireamar go raibh cláir iniúchóireachta mionsonraithe ag na húdaráis iniúchóireachta agus gur bhain siad úsáid as seicliostaí chun tacú lena gconclúidí. Bhraitheamar roinnt easnamh, áfach.

**Tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí agus comhshocraithe rialachais eile**

Do bhliain airgeadais 2024, rinneamar athbhreithniú ar TBG ó AS HOME.

Fuaireamar gur ríomhadh agus gur tuairiscíodh i gceart meastacháin AS HOME le haghaidh an riosca iomláin ag tráth na híocaíochta agus tráth an dúnta, i gcomhréir le modheolaíocht inmheánach. Den chaiteachas iomlán in 2024 (€3 507.5 milliún), ba é meastachán AS HOME den mhéid iomlán a raibh riosca ag gabháil leis ag tráth na híocaíochta ná €44.6 milliún (1.3 %), agus ba é €41.0 milliún a mheastachán le haghaidh an riosca iomláin ag tráth an dúnta mar thoradh ar a cheartúcháin mheasta de €3.6 milliún a bheidh le déanamh sna blianta amach romhainn.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- céimeanna breise a thógáil lena áirithiú go dtabharfaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain iomlán ar dhoiciméid;
- tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil do Bhallstáit maidir leis na rialacha is infheidhme lena rialaítear glao ar thograí; agus
- obair leantach a dhéanamh ar easnaimh in obair na n-údarás iniúchóireachta.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 8 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (eca.europa.eu).*

# An Chomharsanacht agus an Domhan

## Iomlán: €15.4 billiún (8.0 % de chaiteachas buiséid AE)


## A raibh faoi iniúchadh againn

Tá an réimse caiteachais comhdhéanta de roinnt ionstraimí cistiúcháin, go sonrach an ionstraim dar teideal 'An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda (ICFCI–An Eoraip Dhomhanda)'[31], an buiséad um chabhair dhaonnúil agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais.

## Fíor 25 – Miondealú ar íocaíochtaí de réir ciste

**An Chomharsanacht agus an Domhan**
**€15.4 billiún (8.0 % de chaiteachas bhuiséad AE)**

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir cistí** *(billiún euro)*




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais.

Is é cuspóir ginearálta ICFCI–An Eoraip Dhomhanda ná seasamh le luachanna, prionsabail agus leasanna bunúsacha an Aontais ar fud an domhain, agus iad a chur chun cinn, agus cuidiú le hiltaobhachas agus comhpháirtíochtaí níos láidre a chur chun cinn le tíortha lasmuigh den Aontas. In ICFCI–An Eoraip Dhomhanda, tugtar le chéile 11 ionstraim a bhí ann roimhe sin le haghaidh CAI 2021-2027, lena n-áirítear an Ionstraim Eorpach Chomharsanachta agus na Cistí Eorpacha Forbraíochta (a raibh na cistí sin is déanaí luaite anseo lasmuigh de bhuiséad an Aontais).

Cuireann an tAontas cúnamh daonnúil bunaithe ar riachtanais ar fáil freisin do dhaoine atá buailte ag tubaistí agus guaiseacha nádúrtha de dheasca daoine, le béim ar leith ar na daoine is leochailí.

[31] Rialachán (AE) 2021/947 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda.

Is é an príomhchuspóir atá leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais ná tacú le tíortha tairbhiúla ó thaobh athchóirithe a ghlacadh agus a chur chun feidhme, ar athchóirithe iad sin atá orthu a dhéanamh ionas go mbeidh siad ailínithe le luachanna an Aontais d'fhonn go bhféadfaidh siad teacht isteach san Aontas, agus ar an gcaoi sin go rannchuidítear lena gcobhsaíocht, lena slándáil agus lena rathúnas.


Ba iad na príomh-ardstiúrthóireachtaí (ASanna) agus na príomhsheirbhísí a chuireann gníomhaíocht sheachtrach an Aontais chun feidhme in 2024 ná an Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR), an Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA), an Ard-Stiúrthóireacht um Chosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) agus an tSeirbhís um Ionstraimí Beartais Eachtraigh (FPI). Ó bhí an 1 Feabhra 2025 ann, tá AS NEAR roinnte ina dhá Ard-Stiúrthóireacht ar leith: an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST) agus an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse (AS MENA).

In 2024, is é €15.4 billiún (réamh-mhaoiniú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí deiridh) a bhí sna híocaíochtaí faoi 'An Chomharsanacht agus an Domhan' agus íocadh amach iad sin trí úsáid a bhaint as ionstraimí éagsúla agus modhanna seachadta éagsúla. Áirítear orthu sin conarthaí oibreacha/soláthair/seirbhíse, deontais, iasachtaí speisialta, ráthaíochtaí iasachta agus cúnamh airgeadais, tacaíocht bhuiséadach agus foirmeacha spriocdhírithe eile de chúnamh buiséadach i dtíortha lasmuigh den Aontas. Mhéadaigh iomlán na n-íocaíochtaí faoin gceannteideal seo ó €15.2 billiún in 2023 go dtí €15.4 billiún in 2024.

## A bhfuil faighte amach againn

Le haghaidh 2024, murab ionann agus blianta roimhe seo, tá measúnú sonrach á chur ar fáil againn ar rialtacht na n-idirbheart is bun leis na cuntais i gcás Cheannteideal 6 de CAI – 'An Chomharsanacht agus an Domhan'. As na 137 n-idirbheart a scrúdaíomar, bhí earráidí in 56 (40.9 %) díobh. Bunaithe ar na 42 earráid atá cainníochtaithe againn, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide ag 4.9 %.


## Fíor 26 – Torthaí na tástála ar idirbhearta




*Foinse:* CIE.

Tá miondealú ar an leibhéal earráide measta de réir an chineáil earráide ar fáil san fhíor anseo ina dhiaidh seo:

## Fíor 27 – Miondealú ar an leibhéal earráide measta de réir an chineáil earráide




*Foinse:* CIE.

Shainaithníomar cineálacha éagsúla earráidí, a bhí ag déanamh difear don iomad idirbheart, a bhí ag tarlú arís agus arís eile thar bhlianta éagsúla iniúchóireachta. Seo a leanas na príomhchineálacha:

- 'cascáidiú' na gcostas indíreach a chuirtear chun dochair don Aontas Eorpach (i.e. fo-chur chun feidhme na gcostas indíreach a thabhaíonn eagraíochtaí a bheith á dtuairisciú mar chuid de chostais dhíreacha an tairbhí, sa bhreis ar na costais indíreacha atá curtha chun dochair cheana féin ag an tairbhí). Rinneamar moladh i dtaobh struchtúr cascáide an chur chun feidhme inár dtuarascáil speisialta ar chórais sláinte i dtíortha comhpháirtíochta[32];
- costais phárolla neamh-incháilithe a áireamh, amhail forálacha agus costais indíreacha;
- rátaí malairte míchearta a chur i bhfeidhm
- mainneachtain i ndéanamh de réir na rialacha soláthair poiblí; agus
- réamhíocaíochtaí arna n-éileamh mar chostais thabhaithe a imréiteach.

[32] Tuarascáil speisialta 18/24: 'Tacaíocht airgeadais ón Aontas do chórais sláinte i sampla de thíortha comhpháirtíochta – Táthar ag cloí le cuspóirí leathana straitéiseacha, ach tá fadhbanna comhordúcháin agus inbhuanaitheachta ag cur isteach ar idirghabhálacha', moladh 4.

Amhail i mblianta roimhe seo, bhain sciar mór de na hearráidí a shainaithníomar le conarthaí a bhí curtha chun feidhme ag eagraíochtaí colúnmheasúnaithe (eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus gníomhaireachtaí stáit) faoi bhainistíocht indíreach. I gcás conarthaí den sórt sin, ghlac an Coimisiún leis an gcaiteachas bunaithe ar thuarascáil airgeadais agus ar ráiteas bainistíochta. Is éard atá sa ráiteas bainistíochta ná féinráiteas ón eagraíocht cholún-mheasúnaithe ag deimhniú go bhfuil an fhaisnéis airgeadais atá curtha isteach ina léiriú fíorcheart, go bhfuil sí iomlán agus cruinn, agus go bhfuil sí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá leagtha síos sa chonradh. As na 42 earráid a chainníochtaíomar, bhain 26 le conarthaí den sórt sin, rud a chuir 3.1 pointe céatadáin leis an leibhéal earráide measta.

I 10 gcás d'earráidí inchainníochtaithe, bhí faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc nó a bhrath, agus a cheartú, sular glacadh leis an gcaiteachas. Dá mba rud é go mbeadh úsáid cheart bainte ag an gCoimisiún as an bhfaisnéis go léir a bhí ar fáil dó, bheadh an leibhéal earráide measta 1.4 pointe céatadáin níos ísle.

Thángamar ar 34 chás nár chomhlíon forálacha dlíthiúla agus airgeadais (gan aon tionchar díreach airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais, áfach).

**Tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí agus comhshocraithe rialachais eile**

Rinneamar breithniú ar TBG ó AS ECHO do bhliain airgeadais 2024. Dhíríomar isteach ar an raibh an fhaisnéis rialtachta ina TBG curtha i láthair ag AS ECHO i gcomhréir le treoracha an Choimisiúin agus an raibh sé comhleanúnach ó thaobh chur i bhfeidhm na modheolaíochta chun meastachán a dhéanamh i dtaobh ceartúcháin agus aisghabhálacha sa todhchaí. Den chaiteachas iomlán ar glacadh leis in 2024 (€3 605 mhilliún), mheas AS ECHO gurbh é €15.56 milliún (0.43 %) an méid iomlán a raibh riosca ag gabháil leis ag tráth na híocaíochta. Mheas sé gurbh é €3.5 milliún (0.1 % den chaiteachas ábhartha iomlán) luach na gceartúchán a tháinig as na seiceálacha a rinneadh sna blianta ina dhiaidh sin. Dhearbhaigh Ard-Stiúrthóir AS ECHO go raibh neamhchosaint airgeadais na hArd-Stiúrthóireachta faoi bhun na tairsí ábharthachta de 2 % den chaiteachas iomlán ar glacadh leis.

Tá ár n-obair ar TBG 2024 ó AS INTPA curtha i láthair go mion inár dtuarascáil bhliantúil ar an 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEFanna).

Rinneamar athbhreithniú ar an bhfaisnéis in TBBF 2024 ón gCoimisiún i ndáil leis an riosca measta ag tráth na híocaíochta sna réimsí beartais faoi 'An Chomharsanacht agus an Domhan'. Ríomh an Coimisiún riosca ag tráth na híocaíochta de 0.8 % don cheannteideal seo de CAI. Tá an céatadán sin faoi bhun an raoin dár n-eatramh muiníne agus faoi bhun na hábharthachta.

Léiríonn fianaise fhoriomlán an iniúchta a fuaireamar agus a chuireamar i láthair sa chaibidil seo go raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar 'An Chomharsanacht agus an Domhan' ábhartha. Don cheannteideal seo de CAI, thug ár dtástáil ar idirbhearta meastachán de leibhéal earráide foriomlán de 4.9 % dúinn.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go mbíonn tairbhithe ag comhlíonadh na dteorainneacha conarthacha ar chostais de chineál indíreach;
- sainmhínithe soiléire agus comhsheasmhacha ar 'sholáthrú' a áirithiú i gcoinníollacha agus i dtreoirlínte conartha; agus
- rialacha comhshó airgeadra i gcomhaontuithe deontais a shimpliú agus a chaighdeánú.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 9 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár* ***suíomh gréasáin*** *(**eca.europa.eu**).*

## An Riarachán Poiblí Eorpach

**Iomlán: €13.3 billiún** **(6.9 % de chaiteachas buiséid AE)**

### A raibh faoi iniúchadh againn


Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair ár gcuid fionnachtana do Cheannteideal 7 de CAI, 'An Riarachán Poiblí Eorpach'. Tugtar forléargas i ***bhFíor 28*** ar chaiteachas institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais faoin gceannteideal sin in 2024.

### Fíor 28 – Íocaíochtaí

**An Riarachán Poiblí Eorpach**
**€13.3 billiún (6.9 % de chaiteachas buiséid AE)**

*(billiúin euro)*

**Miondealú ar íocaíochtaí 2024 de réir institiúide**




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó chuntais chomhdhlúite 2024 an Aontais.

Tá an caiteachas riaracháin comhdhéanta de chaiteachas ar acmhainní daonna – lena n-áirítear pinsin – arbh ionann é sin in 2024 agus thart ar 69 % d'iomlán an chaiteachais, agus de chaiteachas ar fhoirgnimh, trealamh, fuinneamh agus teicneolaíocht chumarsáide agus faisnéise. Léiríonn ár gcuid oibre le roinnt mhaith blianta gur riosca íseal ar an iomlán a ghabhann leis an gcaiteachas sin.

### A bhfuil faighte amach againn

| Méid faoi réir iniúchóireachta | Tionchar ó earráid ábharthach |
|---|---|
| €13.3 billiún | Níl – Saor ó earráid ábharthach (faoi mar a bhí in 2023) |

As na 70 idirbheart a scrúdaíodh, bhí earráidí i 16 (23 %) díobh. Baineann ár gcuid barúlacha le Parlaimint na hEorpa, leis an gCoimisiún Eorpach agus leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí.

Níor shainaithníomar aon saincheisteanna suntasacha a bhain le Comhairle an Aontais Eorpaigh, le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, le Coiste Eorpach na Réigiún, leis an Ombudsman Eorpach ná leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Níor thuairiscigh ár n-iniúchóir seachtrach féin aon saincheist shuntasach.

**Parlaimint na hEorpa**

In 2024, rinneamar tástáil ar 15 idirbheart. Mar a thuairiscíomar roimhe seo, agus an tuairisciú is déanaí air sin déanta againn i dTuarascáil bhliantúil 2023 uainn, ní raibh na rialacha inmheánacha[33] maidir le bainistiú leithreasuithe na ngrúpaí polaitiúla, arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa, ailínithe go hiomlán leis an Rialachán Airgeadais, mar go gceadaíonn siad conarthaí ardluacha seachas conarthaí oscailte nó srianta – rud a chuireann teorainn leis an iomaíocht.

Mar chuid dár sampla, scrúdaíomar grúpa polaitiúil amháin a bhí tar éis trí chonradh ardluacha den sórt sin a dhámhachtain. I bpéire de na cásanna sin, ní dhearnadh rialacha Pharlaimint na hEorpa a leanúint go hiomlán, toisc nár lorg siad dóthain tairiscintí. I gcás amháin, rinne an grúpa polaitiúil an creatchonradh a fhadú 18 mí, agus bhí praghsanna aonaid níos airde ann don tréimhse fadaithe. Is é ár measúnú ná gur iomaíocht shrianta atá sa leasú sin. Shainaithníomar earráidí breise sa chaiteachas a bhí dearbhaithe ag an ngrúpa polaitiúil i ndáil le CBL a bhí éilithe agus úsáid aisíocaíochta ar chothromráta le haghaidh taisteal do dhaoine den fhoireann a rinne rómheastachán ar na costais iarbhír. Thuairiscíomar na saincheisteanna céanna sin i dTuarascáil bhliantúil 2022 uainn.

De réir fhorálacha an Rialacháin Airgeadais is féidir cistí as buiséad an Aontais a dhámhachtain do pháirtithe polaitiúla Eorpacha i bhfianaise a róil i bhfeasacht pholaitiúil Eorpach a mhúnlú agus i dtoil pholaitiúil shaoránaigh an Aontais a chur in iúl. Measaimidne gur féidir léirmhínithe éagsúla a thabhairt ar an mbunús dlí atá ann chun a dhéanamh amach cad iad na costais atá incháilithe. Rinneamar iniúchóireacht ar idirbheart amháin den sórt sin, ina raibh éileamh déanta ar dtús ag páirtí polaitiúil ar chaiteachas nach raibh incháilithe ach go raibh an caiteachas sin aisghafa cheana féin ag Parlaimint na hEorpa.

I measc na 13 idirbheart eile a scrúdaíomar, shainaithníomar laigí in dhá nós imeachta soláthair phoiblí a raibh Parlaimint na hEorpa i gceannas orthu. Bhain ceann amháin díobh sin le conradh TF de thréimhse shonrach 6 bliana nach raibh réasúnú leordhóthanach tugtha lena aghaidh, in ainneoin gur gnách teorainn 4 bliana a bheith le conarthaí den sórt sin de réir an Rialacháin Airgeadais – ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe.

**An Coimisiún Eorpach**

As na 25 íocaíocht a scrúdaíomar, d’ardaíomar ocht n-earráid nach bhféadfaí a chainníochtú, lena n-áirítear ceithre cinn a bhain le híoc tuarastal agus pinsean. I dtrí cinn de na cásanna sin, ní raibh deimhniú beatha, arna eisiúint le déanaí, do pháirtí an phinsinéara sna comhaid phinsin; ní foláir deimhniú den sórt sin a chur ar fáil chun an teidlíocht reatha ar liúntais a dheimhniú. Tá córas nua á fhorbairt ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar sheiceálacha teidlíochta.

I gcás idirbheart amháin le haghaidh seirbhísí TF, ní dhearna an Coimisiún na ceanglais le haghaidh oideachas agus deimhniú a leagan amach go soiléir sna doiciméid soláthair phoiblí a bheadh ag fónamh chun an ráta laethúil a dhéanamh amach.

[33] Rialacha maidir le Mír 400 den Bhuiséad, arna leasú go deireanach ar an 15 Iúil 2024.

Bhain idirbheart amháin le híocaíocht de €85 mhilliún a rinne an Coimisiún le haghaidh ceart úsáide leanúnach i gcás foirgnimh a bhí díolta aige sa Bhruiséil. Ba é sin an chéad cheann de thrí thráthchuid bhliantúla faoi chonradh a síníodh in Aibreán 2024, a chlúdaigh díol 23 fhoirgneamh ar €900 milliún agus an ceart 17 díobh a úsáid go ceann tréimhsí éagsúla suas go dtí 2029. Rinneadh an díol agus an ceart úsáide a dhámhachtain ag éirí as glao ar iarratais a rinne an Coimisiún, nach bhfuarthas ach tairiscint amháin lena aghaidh agus an tairiscint sin ó chuideachta faoi úinéireacht stáit na Beilge a chuir isteach tairiscint tháscach sular sheol an Coimisiún an glao ar iarratais. Sa ghlao ar iarratais, cuireadh de cheangal ar na tairgeoirí ráthaíocht bhainc de €80 milliún – a bheadh bailí go ceann 6 mhí – a chur isteach chun tiomantas don chonradh, lena n-áirítear an socrú i dtaobh ceart úsáide, a dhaingniú. Ní raibh ann ach tairgeoir amháin, agus chuir an tairgeoir sin ráthaíocht isteach ina ainm/hainm féin agus ní raibh an ráthaíocht sin bailí ach go ceann 2 mhí. Ghlac an Coimisiún leis an ráthaíocht agus thug sé an conradh chun críche laistigh den tréimhse bhailíochta 2 mhí. Fuaireamar nach raibh an ráthaíocht ag cloí leis na ceanglais bhunaidh a bhí leagtha síos sa ghlao ar iarratais. Tugaimid ar aire freisin nach raibh neamhspleáchas leordhóthanach ag coiste meastóireachta an Choimisiúin, mar go raibh na comhaltaí ar fad ina gcomhaltaí a bhí ina n-oifigigh níos sóisearaí ná an t-oifigeach údarúcháin freagrach.

**An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí**

I measc na 15 íocaíocht a scrúdaíodh, fuaireamar dhá earráid in-chainníochtaithe. Bhain ceann acu le leasú suntasach ar chonradh nach raibh aon nósanna imeachta soláthair phoiblí bailí ná bearta poiblíochta *ex post* ag gabháil leis. Bhain an ceann eile le ráta malairte mícheart a bheith in úsáid nuair a bhí íocaíocht chíosa á taifeadadh.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feabhas a chur ar na rialuithe sula ndéantar seirbhísí TF a chur amach ar conradh; agus
- neamhspleáchas na gcoistí meastóireachta a threisiú i gcás idirbhearta a bhfuil díol maoine i gceist leo.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 10 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár* ***suíomh gréasáin*** *(**eca.europa.eu**).*

# An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

## Iomlán: €59.9 billiún

### A raibh á iniúchadh againn

Bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) le Rialachán (AE) 2021/241 (an 'Rialachán') a tháinig i bhfeidhm ar an 19 Feabhra 2021. Leasaíodh é i bhFeabhra 2023 trínar tugadh cead do na Ballstáit 'caibidil REPowerEU' a chur isteach ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (NRRPanna)[34] agus leasaíodh arís é i bhFeabhra 2024[35] trínar tugadh cead do na Ballstáit an méid den ranníocaíocht airgid le haghaidh bhunú an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) a chur isteach ina NRRPanna mar chostais mheasta. Tá tacaíocht tugtha ag RRF d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí sna Ballstáit ó thús phaindéim COVID-19 i bhFeabhra 2020 (ón 1 Feabhra 2022 i gcás REPowerEU) agus mairfidh sé go dtí an 31 Nollaig 2026.

Déanann an Coimisiún RRF a chur chun feidhme tríd an mbainistíocht dhíreach, rud a chiallaíonn go bhfuil freagracht dhíreach ar an gCoimisiún as an gcur chun feidhme. Déantar íocaíochtaí faoi RRF ar choinníoll go mbaineann na Ballstáit amach na garspriocanna agus na spriocanna a leagtar síos in iarscríbhinní a ghabhann leis na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle (CCF) lena ndéantar a NRRPanna a fhormheas[36]. Seo a leanas ceanglais eile: i gcás spriocanna nó garspriocanna atá bainte amach go sásúil cheana féin, níor cheart iad sin a aisiompú; agus níl aon sárú á dhéanamh ar phrionsabal an chistithe dhúbailte. I measc na gcoinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos sa Rialachán, tá siad seo a leanas: go ndéantar de réir na tréimhse incháilitheachta; an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH); agus nach dtiocfaidh an cistiú in ionad caiteachas buiséadach náisiúnta athfhillteach (ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe)[37]. Caithfidh na Ballstáit a chinntiú go bhfuil úsáid na gcistí ag teacht leis an dlí Eorpach agus náisiúnta is infheidhme, go háirithe a mhéid a bhaineann le calaois, éilliú agus coinbhleacht leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú.

Faoi dheireadh 2024, bhí 65 íocaíocht deontais (ceann in 2021, 13 in 2022, 23 in 2023 agus 28 in 2024) de luach iomlán de €178.5 billiún déanta ag an gCoimisiún. Ciallaíonn sé sin nach raibh ach 50 % den mhéid iomlán atá ar fáil íoctha aige, le níos lú ná 2 bhliain fágtha sula dtiocfaidh deireadh le tréimhse chur chun feidhme RRF i Nollaig 2026. Níor cuireadh aon fhaisnéis ar fáil faoi na méideanna foriomlána atá íoctha ag na Ballstáit leis na faighteoirí deiridh[38].

Is é €59.9 billiún ar an iomlán a bhí i gcaiteachas RRF in 2024, agus chlúdaigh ár n-iniúchóireacht gach ceann de na 28 n-íocaíocht deontais de luach iomlán €53.5 billiún agus imréiteach a rinneadh ar réamh-mhaoiniú, de luach iomlán €6.4 billiún. Ní chlúdaíonn ár n-iniúchadh rialtacht an chaiteachais atá tabhaithe ag na faighteoirí deiridh ná an chomhchuid iasachtaí de RRF.

---

[34] Rialachán (AE) 2023/435.

[35] Rialachán (AE) 2024/795.

[36] Rialachán (AE) 2021/241, Airteagal 24(2).

[37] Ibid., Airteagail 5, 9, 17(2) agus 24(3).

[38] Tuarascáil speisialta 13/2024: 'Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Ag déileáil le moilleanna, ach tá rioscaí fós ann a mhéid a bhaineann le bearta a chríochnú agus le cuspóirí RRF a bhaint amach', míreanna 53-54.

## A bhfuil faighte amach againn

| Méid faoi réir iniúchóireachta | Tionchar ag earráid ábharthach? |
|---|---|
| €59.9 billiún | 2024: Tá éifeachtaí foriomlána ár bhfionnachtana ábharthach, ach níl siad forleatach. |

I bhfianaise nádúr shamhail chaiteachais RRF, agus ós rud é go bhfuil modheolaíocht fionraí íocaíochtaí an Choimisiúin[39] ag brath ar go leor breithiúnas, a bhféadfadh sé go dtiocfadh léirmhínithe éagsúla astu, ní dhéanaimid ráta earráide a chur ar fáil atá inchomparáide le réimsí caiteachais eile de chuid an Aontais.


**Bhí garspriocanna/spriocanna áirithe ann nach ndearnadh a bhaint amach go sásúil**

Níl aon chritéir sa Rialachán faoin gcaoi leis an bhfocal 'sásúil' a léirmhíniú a mhéid a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach. Nuair a bhíonn sé sin á mheasúnú ag an gCoimisiún, glacann sé le diallais íosta sa tsubstaint, san fhoirm, sa sceideal ama agus sna méideanna[40]. Tugaimid ar aire, i gcás na gcritéar cáilíochtúil, go bhfuil an measúnú sin ag brath ar go leor breithiúnas a dhéanamh, a bhféadfadh roinnt léirmhínithe éagsúla teacht as sin a mhéid a bhaineann le garspriocanna nó spriocanna a bheith bainte amach go sásúil nó gan iad a bheith bainte amach go sásúil. Trínár seiceálacha, sainaithníodh sé gharsprioc agus sprioc i gcúig íocaíocht nach ndearnadh a bhaint amach go sásúil. Fuaireamar nach ndearnadh na gnéithe go léir a bhí riachtanach don gharsprioc nó sprioc a bhaint amach, agus go raibh níos mó ná diallas inghlactha íosta i gceist leis na gnéithe sin a bhí in easnamh. Tugaimid ar aire go bhfuil treocht mhéadaitheach ann maidir le tionchar airgeadais foriomlán na bhfionnachtana cainníochtúla.

[39] COM(2023) 99 final. Iarscríbhinn II den Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Dhá bhliain ar an bhfód – Ionstraim uathúil atá i gcroílár chlaochlú glas agus digiteach an Aontais.

[40] Ibid., Iarscríbhinn I.

## Fíor 29 – Na cineálacha fionnachtana a bhaineann le híocaíocht agus le coinníollacha incháilitheachta




*Foinse:* CIE.

Bhí dhá gharsprioc san áireamh sa chéad íocaíocht RRF leis an bPolainn arb é a bhí mar aidhm leo ná neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na gcúirteanna a neartú trí athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras araíonachta do bhreithiúna ar mhaithe le cosaint dlí a fheabhsú. Fuaireamar laigí tromchúiseacha i gceapadh breithiúna. Mar gheall ar chás C-517/24 atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) faoi láthair i ndáil le hiarraidh ar réamhrialú a bhaineann go díreach leis an ábhar seo, áfach, nílimid ag teacht ar chonclúid faoi bhaint amach sásúil an dá gharsprioc ghaolmhara sin ag an tráth seo. Bhí baint amach sásúil na ngarspriocanna sin ina réamhchoinníoll le haghaidh aon íocaíocht RRF leis an bPolainn.

### Cistiú dúbailte

Is é an sainmhíniú costasbhunaithe traidisiúnta ar chistiú dúbailte a úsáidtear sa Rialachán[41], cé nach ndéantar costais incháilithe a thabhaítear a aisíoc trí íocaíochtaí RRF ach gurb amhlaidh go dtugtar luach saothair as garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach go sásúil[42]. I gcás RRF, is féidir le cistiú dúbailte tarlú nuair a bhíonn an costas foluiteach céanna le haghaidh garsprice nó sprice á maoiniú faoi dhó agus/nó nuair a bhíonn na haschuir/torthaí céanna á ndearbhú, agus dá réir sin á gcistiú, faoi dhó. Ní féidir an seachadán céanna a mhaoiniú faoi dhó as buiséad an Aontais, fiú nuair nach bunaithe ar chostais atá ceann de na hionstraimí maoiniúcháin atá i gceist. Fuaireamar cás amháin de chistiú dúbailte sa Chróit.

[41] An Rialachán, Airteagal 9.

[42] Tuarascáil speisialta 22/2024: 'Cistiú dúbailte ó bhuiséad an Aontais – Níl eilimintí bunriachtanacha sna córais rialaithe trína ndéanfaí an riosca méadaithe a eascraíonn as samhail maoiniúcháin RRF nach bhfuil nasctha le costais a mhaolú', mír 101.

**Aisiompú**

Foráiltear sa Rialachán nach bhféadfaidh aisiompú a bheith déanta ar bhearta agus gníomhaíochtaí a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a bhí comhlíonta roimhe sin[43]. Tá ar na Ballstáit a dheimhniú sna ráitis bhainistíochta a ghabhann lena n-iarrataí ar íocaíocht nach bhfuil aisiompú den sórt sin tarlaithe. D'aimsíomar cás amháin d'aisiompú i sprioc sa Ghréig a bhain le 50 bunáit cúraim meabhairshláinte a bhunú agus a bheith i lánoibríocht.

**Thosaigh cuid de na bearta roimh an tréimhse incháilitheachta**

Foráiltear sa Rialachán gur bearta ar cuireadh tús leo ón 1 Feabhra 2020 ar aghaidh, agus iadsan amháin[44], is féidir a chistiú faoi RRF, ach níl aon chritéir eile ann a shainíonn céard atá i gceist le 'tús a bheith curtha' le beart. I nDeireadh Fómhair 2024, d'eisigh an Coimisiún treoraíocht[45] inar shoiléirigh sé gurb é an léirmhíniú atá aige ar 'thús a bheith curtha' le beart ná tús a bheith curtha le cur chun feidhme an bhirt go praiticiúil agus go dtosaítear ar chostais a thabhú. Dar linne, faoi mar a dúramar roimhe seo[46], is é dáta an chéad ghealltanais (dhlíthiúil) (e.g. i bhfoirm conartha, i bhfoirm ordú ceannaigh nó i bhfoirm cinneadh maoiniúcháin) ba cheart a thógáil mar dháta do thús a bheith curtha le beart, ós rud é gurb ionann é sin ag an tráth sin agus tús a bheith curtha leis an gcéad ghníomhaíocht a bhaineann leis an mbeart. Trí bhíthin conradh nó cinneadh maoiniúcháin den sórt sin, cruthaítear oibleagáid agus spreagtar gníomhaíocht eacnamaíoch agus táirgeachta ar leibhéal an chonraitheora nó an fhochonraitheora agus leanann íocaíochtaí as sin ina dhiaidh sin.

Fuaireamar gur cuireadh tús roimh Fheabhra 2020 le tionscadail a bhain le garsprioc amháin agus le trí sprioc le haghaidh dhá íocaíocht. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh na tionscadail sin cistithe faoi RRF.

**I gcás fhormhór na moltaí iniúchóireachta oscailte ón gCoimisiún a bhaineann le fionnachtana criticiúla nó fionnachtana an-tábhachtach, ní dhéanann na Ballstáit iad a chur chun feidhme go pras**

Ó 2021, tá 20 thuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheacha eisithe ag an gCoimisiún a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna, ina bhfuil 591 mholadh do 15 Bhallstát. Amhail an 30 Aibreán 2025, mheas an Coimisiún go raibh 417 moladh (71 %) curtha chun feidhme agus go raibh an 174 eile (29 %) fós oscailte. Is iad na catagóirí atá ag an gCoimisiún dá chuid fionnachtana ná 'criticiúil', 'an-tábhachtach', 'tábhachtach' nó 'inmhianaithe'. D'fhéadfadh fionnachtana criticiúla nó an-tábhachtach a bheith ina gcúis le forchoimeádas sa Tuarascáil Bhliantúil maidir le Gníomhaíochtaí (TBG) ón gCoimisiún más rud é nach mbíonn na Ballstáit tar éis glacadh leo fós, go mbíonn siad diúltaithe acu nó nach mbíonn siad curtha chun feidhme acu. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na fionnachtana criticiúla nó an-tábhachtach sin a bheith ina sárú tromchúiseach ar oibleagáidí an chomhaontaithe maoiniúcháin, agus d'fhéadfadh ceartúchán ar chothromráta a bheith mar thoradh air sin[47].

Sa chuid is mó (64 %) de na 136 mholadh a bhain le fionnachtana criticiúla agus an-tábhachtach a bhí fós oscailte, bhí an dáta don chur chun feidhme a bhí leagtha síos sa tuarascáil iniúchóireachta caite.

---

[43] An Rialachán, Airteagal 24(3).

[44] Ibid., Airteagal 17(2).

[45] COM(2024) 474 final. Iarscríbhinn II a ghabhann leis an tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

[46] Tuarascáil bhliantúil 2023, mír 11.22.

[47] Comhaontú maoiniúcháin, Iarscríbhinn I.

**Níl córais na mBallstát éifeachtach go leor**

Tá laigí sna córais atá ag cuid de na Ballstáit ó thaobh a chinntiú go bhfuil na rialacha don soláthar poiblí agus don státchabhair á gcomhlíonadh, agus – chomh maith leis sin – fuaireamar laigí in iarrataí ar íocaíocht (ráiteas bainistíochta) a rinne cúig Bhallstát.


**Tá teorainn leis an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún maidir le calaois atá braite**

Príomhtháscaire don riosca calaoise is ea scála na gcásanna de chalaois amhrasta. Níl de shonraí foilsithe ar leibhéal an Aontais i dtaobh scála na gcásanna de chalaois amhrasta RRF ach na sonraí atá i dTuarascáil bhliantúil 2024 ó Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE). Amhail ag deireadh 2024, bhí OIPE ag déileáil le 311 chás ghníomhacha a bhí ag baint le NGEU. Bhain siad sin ar fad, cé is moite de cheithre cinn, le RRF, agus is ionann é sin agus thart ar 17 % de na himscrúduithe gníomhacha ar fad atá ag breathnú isteach i gcalaois chaiteachais. Is é €2.8 billiún an damáiste measta do leasanna airgeadais an Aontais, atá ag seasamh do 30 % (2023: 25 %) den damáiste measta foriomlán atá ag teacht as iomlán na calaoise caiteachais san Aontas Eorpach[48]. Sin codarsnacht leis an líon beag de chásanna (cúig cinn) a bhí tuairiscithe ag na Ballstáit ina ráitis bhainistíochta a bhí ag gabháil le hiarrataí ar íocaíocht in 2024.

**Níl inrianaitheacht chistí RRF á déanamh go córasach sna Ballstáit ar fad**

Rinneamar measúnú ar na córais náisiúnta atá ag cúig Bhallstát (an Ghearmáin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil) lena fheiceáil an raibh siad in ann cistí RRF a rianú ón mbuiséad náisiúnta síos go dtí na faighteoirí deiridh agus as sin ar aghaidh (e.g. go dtí conraitheoirí nó fochonraitheoirí) agus an raibh siad in ann sonraí a thabhairt faoin gcaiteachas a bhí tabhaithe ag na faighteoirí deiridh. Taispeánann na sonraí atá bailithe againn go raibh faighteoirí deiridh san Iodáil agus sa Ghréig, faoi dheireadh 2024, tar éis caiteachas a bhí ag seasamh do 49 % agus 39 %, faoi seach, d'iomlán na méideanna a bhí pleanáilte i mbuiséid náisiúnta na dtíortha sin le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí RRF a thabhú. Tá sé sin ag seasamh do 76 % (i gcás na hIodáile) agus 82 % (i gcás na Gréige) den mhéid iomlán a bhí faighte ón gCoimisiún. Maidir leis na córais a bhí i bhfeidhm in dhá Bhallstát (an Spáinn agus an Fhrainc), fuaireamar nár áirithigh siad bailiú córasach sonraí faoin gcaiteachas a bhí tabhaithe ag faighteoirí deiridh chistí RRF agus i gcás Ballstát amháin (an Ghearmáin) tugadh an fhaisnéis sin dúinn le haghaidh cúig bheart RRF nuair a d'iarramar í.

## Fíor 30 – Sreabh cistithe RRF




*Foinse:* CIE.

[48] Tuarascáil bhliantúil 2024 ó OIPE.

Rinneamar athbhreithniú ar an modheolaíocht atá in úsáid ag na Ballstáit chun an 100 faighteoir deiridh is mó a fhoilsiú, agus fuaireamar go raibh éagsúlacht shuntasach ó Bhallstát go chéile sa chineál faisnéise a fhoilsítear.

**Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí agus Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht**

I TBG 2024 ón gCoimisiún, faoi mar a bhí i mblianta roimhe seo, ní dhéanann an Coimisiún meastachán den riosca inchainníochtaithe ag tráth na híocaíochta ar an bhforas nach féidir ráta earráide stuama a dhéanamh amach. Ina ionad sin, sannann an Coimisiún leibhéal riosca ('íseal', 'meánach', 'ard') do dhlíthiúlacht agus rialtacht gach aon íocaíochta faoi RRF, bunaithe den chuid is mó ar na torthaí óna réamh-mheasúnuithe, bunaithe ar a chuid iniúchtaí *ex post* agus bunaithe ar iniúchtaí na Cúirte Iniúchóirí nuair a aontaíonn sé leo. Ba cheart go leanfadh forchoimeádas as íocaíochtaí ardriosca RRF, atá níos airde ná an tairseach *de minimis*. Ba é measúnú an Choimisiúin ná gur riosca íseal a bhí ag gabháil le gach uile íocaíocht a bhain le 2024. Níl sé sin, áfach, ag teacht lenár gcuid fionnachtana.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- clúdach na seiceálacha a dhéantar le linn na réamh-mheasúnuithe a leathnú; agus
- aghaidh a thabhairt ar na moilleanna atá ar na Ballstáit i gcur chun feidhme na moltaí iniúchóireachta a dhéanann an Coimisiún.

*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 11 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár* ***suíomh gréasáin*** *(eca.europa.eu).*

# Obair leantach ar na moltaí a rinneadh inár dtuarascálacha speisialta ó 2021

## Gach a ndearnamar athbhreithniú air

Gach bliain, déanaimid athbhreithniú ar a mhéid a bhfuil gníomhaíocht déanta ag na hiniúchaithe mar fhreagairt ar ár moltaí trí bliana tar éis dúinn iad a dhéanamh. Céim thábhachtach sa timthriall iniúchóireachta is ea obair leantach ar ár moltaí. Cuireann an obair leantach aiseolas ar fáil dúinn ar cibé an bhfuil na gníomhaíochtaí a mholamar curtha chun feidhme ag na hiniúchaithe agus ar tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a d'ardaíomar. Tá sé tábhachtach freisin maidir lenár gcuid oibre iniúchóireachta a dhearadh agus a phleanáil amach anseo agus chun súil a choimeád ar rioscaí.


I mbliana, rinneamar anailís ar mholtaí ó gach ceann de na 27 dtuarascáil speisialta a d'fhoilsíomar in 2021. Ar an iomlán, rinneamar obair leantach ar 245 mholadh. Díobh sin, bhí 194 dírithe chuig an gCoimisiún. Cuireadh na 51 mholadh eile ar aghaidh chuig an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), agus an Bord Réitigh Aonair (BRA). Mar a tharla roimhe seo, bhí na moltaí a díríodh ar na Ballstáit amháin lasmuigh de scóip na hoibre leantaí.

## A bhfuil faighte amach againn

Léiríonn ár n-anailís gur mhéadaigh an cion de mholtaí ónár dtuarascálacha speisialta in 2021 ar ghlac ár n-iniúchaithe leo go hiomlán nó go páirteach ó 93 % anuraidh go 98 % i mbliana (féach ***Fíor 31***). Mhéadaigh cion na moltaí a cuireadh chun feidhme go hiomlán nó den chuid is mó ó 68 % anuraidh go dtí 76 % i mbliana, agus tháinig méadú ó 52 % go 56 % ar chion na moltaí a cuireadh chun feidhme in am. Níl an méadú ar mholtaí a cuireadh chun feidhme in am tagtha ar ais fós go dtí an leibhéal a bhí ann roimh phaindéim COVID-19 (60 % nó níos airde).

Inár n-anailís chun a fhíorú an bhfuil difríochtaí idir na céimeanna éagsúla sa timthriall beartais (céim an deartha, céim an chur chun feidhme, agus céim an athbhreithnithe), léiríodh go raibh an leibhéal glactha, cur chun feidhme agus tráthúlachta is mó ag moltaí a bhaineann le céim an chur chun feidhme beartais nó clár.

## Fíor 31 – Leibhéal an ghlactha, an chur chun feidhme agus tráthúlacht de réir céim sa timthriall beartais




*Moltaí ó:*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Leibhéal glactha:** | Glactha | Glactha go pointe áirithe | Gan bheith glactha |
| **Leibhéal cur chun feidhme:** | Go hiomlán / Den chuid is mó | Go pointe áirithe | Gan bheith curtha chun feidhme |
| **Leibhéal tráthúlachta:** | Tráthúil | Moillithe | Gan gníomh leantach |

*Foinse:* CIE.

Chomh maith leis sin, fuaireamar an méid seo a leanas:

- de na moltaí a bhí dírithe chuig an gCoimisiún, rinneadh 77 % a chur chun feidhme go hiomlán nó den chuid is mó;
- de na moltaí a bhí dírithe chuig na hiniúchaithe eile, rinneadh 75 % a chur chun feidhme go hiomlán nó den chuid is mó;
- a mhéid a bhaineann le céimeanna beartais, bhain 28 % dár moltaí ó thuarascálacha speisialta 2021 le céim an deartha, bhain 56 % le céim an chur chun feidhme, agus 17 % le céim an athbhreithnithe.

*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Is féidir teacht ar an téacs iomlán de Chaibidil 12 de Thuarascáil bhliantúil 2024 uainn ar ár **suíomh gréasáin** (eca.europa.eu).*

## Na Cistí Eorpacha Forbraíochta


**Iomlán: €1.35 billiún**

### A raibh á iniúchadh againn

Seolta in 1959, ba iad na CEFanna na príomhionstraimí trínar mhaoinigh an tAontas Eorpach (AE) an comhar um fhorbairt do thíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus do thíortha agus críocha thar lear (TCTLanna) go dtí deireadh 2020. Ba é an príomhchuspóir ná bochtaineacht a laghdú agus, ar deireadh, a dhíothú, i gcomhréir le príomhchuspóir an chomhair um fhorbairt arna leagan síos in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Clúdaíonn an 11ú CEF (agus an ceann deiridh) creat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020.

### Fíor 32 – Cistí Eorpacha Forbraíochta: Forléargas airgeadais 2024

*(milliúin euro)*




* I gcomhréir leis an sainmhíniú comhchuibhithe atá ar idirbhearta is bun leis na cuntais.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chuntais bhliantúla 2024 an 9ú, 10ú agus 11ú CEF.

Do CAI 2021-2027, tá comhar um fhorbairt do thíortha ACC ionchorpraithe san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, mar chuid de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh, agus tá comhar le TCTLanna ionchorpraithe sa Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn. Ní raibh an 9ú, 10ú agus 11ú CEF ionchorpraithe i mbuiséad ginearálta an Aontais, áfach, agus leantar dá gcur chun feidhme agus de thuairisciú a dhéanamh orthu astu féin go dtí go ndúnfar iad.

Seachadtar an caiteachas a chlúdaítear sa tuarascáil seo i 76 thír trí úsáid a bhaint as réimse leathan de mhodhanna amhail oibreacha, conarthaí soláthair agus seirbhíse, deontais, tacaíocht bhuiséadach, meastacháin clár agus comhaontuithe tarmligin atá tugtha i gcrích le heintitis cholúnmheasúnaithe (e.g. eagraíochtaí idirnáisiúnta).

Déantar na CEFanna a bhainistiú beagnach go hiomlán faoi chúram na hArdstiúrthóireachta um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) sa Choimisiún. Rinne an Ardstiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta na hEorpa agus um Chaibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) sciar beag (5 %) d'íocaíochtaí CEF 2024 bhainistiú. Ón 1 Feabhra 2025, tá AS NEAR roinnte ina dhá Ard-Stiúrthóireacht ar leith: an Ard-Stiúrthóireacht um Méadú agus Comharsanacht an Oirthir (AS ENEST) agus an Ard-Stiúrthóireacht um an Meánoirthear, an Afraic Thuaidh agus Murascaill na Peirse (AS MENA).

## A bhfuil faighte amach againn

Fuaireamar nach raibh míráitis ábharthacha ann a rinne difear do na cuntais.

Ní raibh leibhéal earráide ábharthach sna hidirbhearta ioncaim.

Rinne leibhéal ábharthach earráide difear d'idirbhearta íocaíochta CEF. Bunaithe ar ár dtástáil ar idirbhearta, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide ag 6.5 %.


*Faisnéis a thacaíonn leis an ráiteas dearbhaithe*

Chun iniúchóireacht a dhéanamh ar rialtacht na n-idirbheart, scrúdaíomar sampla de 85 idirbheart a bhí ionadaíoch ar an réimse iomlán caiteachais ó na CEFanna. Bhí siad sin comhdhéanta de 16 idirbheart a bhaineann leis an gCiste Iontaobhais Éigeandála don Afraic, idirbheart amháin a bhaineann le Ciste Iontaobhais Bêkou, 54 idirbheart a bhí údaraithe ag 14 thoscaireacht AE[49], agus 14 idirbheart a bhí formheasta ag ceanncheathrú an Choimisiúin. Aon uair a bhraitheamar earráidí sna hidirbhearta, rinneamar anailís ar na bunchúiseanna chun laigí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint. Thairis sin, i gcás na n-idirbheart a ndearnadh iniúchóireacht orthu ar an bhfód, rinneamar measúnuithe feidhmíochta aon uair a bhí sé sin indéanta agus ábhartha.

As na 85 n-idirbheart a scrúdaíomar, bhí earráidí in 34 (40.0 %) díobh. Ar bhonn na 27 n-earráid atá cainníochtaithe againn, measaimid go bhfuil an leibhéal earráide ag 6.5 % (féach ***Fíor 33***).

[49] An Bhurúin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Guine Bissau, an Chéinia, an Mhaláiv, an Mháratáin, Oileán Mhuirís, Mósaimbíc, an Namaib, an Nigéir, Siarra Leon, Tóga, Uganda, an tSaimbia.


## Fíor 33 – Torthaí na tástála ar idirbhearta




*Foinse:* CIE.

Tugann *Fíor 34* miondealú ar ár meastachán den leibhéal earráide do 2024 de réir an chineáil earráide.

## Fíor 34 – Miondealú ar an leibhéal earráide measta de réir an chineáil earráide




*Foinse:* CIE.

I 13 chás d’earráidí inchainníochtaithe, bhí faisnéis leordhóthanach ag an gCoimisiún chun an earráid a chosc nó a bhrath, agus a cheartú, sular glacadh leis an gcaiteachas. Dá mba rud é go raibh úsáid cheart bainte ag an gCoimisiún as an bhfaisnéis go léir a bhí ar fáil dó, bheadh an leibhéal earráide measta 2.2 pointe céatadáin níos ísle.

*Léirbhreithniú ar Thuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2024 ó AS INTPA*

Níl aon fhorchoimeádas san áireamh i ráiteas dearbhaithe an Ardstiúrthóra i TBG 2024 ó AS INTPA. Tá laghdú suntasach déanta ag AS INTPA ar scóip na bhforchoimeádas (i.e. an sciar den chaiteachas a chlúdaíonn siad), ó 16 % in 2017 go 1 % in 2018, agus ansin go náid ó 2019 ar aghaidh.

Is é meastachán AS INTPA gurb é an méid foriomlán faoi riosca ag tráth na híocaíochta ná €89.7 milliún (1.1 % de chaiteachas 2024) agus gurb é an méid foriomlán faoi riosca ag tráth an dúnta ná €78.6 milliún (0.97 % de chaiteachas 2024). As an méid faoi riosca ag tráth na híocaíochta, is é meastachán AS INTPA, bunaithe ar an meán de shonraí stairiúla, ná go mbeidh €11.1 milliún (12.4 %) ceartaithe ag na seiceálacha sna blianta ina dhiaidh sin (tugtar 'acmhainneacht cheartaitheach' ar an méid seo). As an méid measta sin, thuairiscigh an Coimisiún go raibh €5.0 milliún aisghafa go deimhin in 2024. Tar éis dúinn 60.9 % den mhéid sin a bhí curtha chun feidhme a thástáil (€3.1 milliún), fuaireamar go raibh €0.2 milliún ann nár chóir a bheith tuairiscithe mar acmhainneacht cheartaitheach a bhí curtha chun feidhme.

*Staidéar 2024 ar an ráta earráidí iarmharacha*

In 2024, rinne conraitheoir seachtrach an 13ú staidéar RER a d'éiligh AS INTPA. Ba é cuspóir an staidéir sin ná meastachán a dhéanamh ar ráta na n-earráidí sin a d'éalaigh ó sheiceálacha bainistíochta AS INTPA ar fud a réimse freagrachtaí go léir, chun go bhféadfaí teacht ar chonclúid i dtaobh éifeachtacht na seiceálacha sin.

In 2024, shocraigh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar mhodheolaíocht RER le héifeacht ó 2025. Tá sé mar aidhm ag na leasuithe, *inter alia*, sainiú níos soiléire a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileáiltear le míreanna ardluacha agus caidhp a chur ar an bhféidearthacht go mbeifí ag brath go huile agus go hiomlán ar thorthaí na seiceálacha bainistíochta agus ar obair iniúchóirí eile. Tá roinnt easnamh ann, áfach.

*Measúnú ar a bhfuil bainte amach ag tionscadail le linn ár gcuairteanna iniúchóireachta*

Mar chuid dár gcuairteanna iniúchóireachta, rinneamar measúnú freisin ar a bhfuil bainte amach ag tionscadail a bhí tugtha chun críche nó a bhí gar do thabhairt chun críche. Áirítear inár measúnú, athbhreithniú ar tháscairí aschuir agus toraidh, chomh maith le torthaí tionscadail – ach ní raibh sé teoranta do na nithe sin. Bhí éagsúlacht ó thionscadal go chéile ag torthaí ár gcuid seiceálacha. I gcásanna áirithe, bhí an cistiú úsáidte go héifeachtach agus rannchuidigh sé le cuspóirí an tionscadail a bhaint amach. Mar a bhí i mblianta roimhe seo[50], áfach, shainaithníomar cásanna freisin inar theip ar thionscadail AE gach ceann dá gcuid cuspóirí a bhaint amach. Go sonrach, ní dhearnadh an bonneagar a tógadh faoi na tionscadail sin a chothabháil i gcónaí tar éis chríochnú an tionscadail, rud a ardaíonn ceisteanna dáiríre faoina mbuanfas.

[50] Tuarascálacha bliantúla 2022 agus 2023 maidir leis na CEFanna.

## A bhfuil á mholadh againn

Ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a áirithiú go ndéantar na rialacha infheictheachta a chomhlíonadh;
- na seiceálacha a bhaineann le cnapshuimeanna nó costais eile a dhearbhaítear faoi roghanna costais simplithe a neartú; agus
- beart a dhéanamh chun buanfas na dtionscadal a mhéadú.



*An bhfuil tuilleadh eolais uait? Tá téacs iomlán na tuarascála ar ghníomhaíochtaí a cistíodh faoin 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta le haghaidh 2024 le fáil ar ár **suíomh gréasáin** (**eca.europa.eu**).*

# Faisnéis chúlra

## Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus a cuid oibre

Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais. Táimid lonnaithe i Lucsamburg agus tá thart ar 900 ball foirne fostaithe againn ó gach náisiúntacht AE. Is é ár misean ná cabhrú leis an mbainistiú riaracháin agus airgeadais a dhéantar san Aontas a fheabhsú, chomh maith leis an gcuntasacht agus an trédhearcacht a chur chun cinn, agus gníomhú mar chaomhnóir neamhspleách do leasanna airgeadais shaoránaigh uile an Aontais. Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais Eorpaigh iad ár dtuarascálacha iniúchóireachta agus ár dtuairimí. Úsáidtear iad chun iad siúd ar a bhfuil freagracht as cur chun feidhme bheartais agus chláir an Aontais a choimeád cuntasach: an Coimisiún, institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais, agus riaracháin náisiúnta. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, léirímid easnaimh agus dea-chleachtais, agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais maidir le cén chaoi le feabhas a chur ar bhainistiú bheartais agus chláir an Aontais. Tríd an obair a dhéanaimid, déanaimid deimhin de go mbíonn a fhios ag saoránaigh na hEorpa cén chaoi a bhfuil a gcuid airgid á chaitheamh.

### Ár n-aschur

Cuirimid na nithe seo a leanas ar fáil:

- tuarascálacha bliantúla, ina bhfuil go príomha torthaí na hoibre iniúchóireachta airgeadais agus comhlíontachta ar bhuiséad an Aontais agus ar na Cistí Eorpacha Forbraíochta; ach a bhfuil gnéithe iontu freisin a bhaineann le bainistíocht bhuiséadach agus feidhmíochta;
- tuarascálacha speisialta, ina léirítear torthaí iniúchtaí roghnaithe maidir le beartais nó réimsí caiteachais sonracha, nó maidir le saincheisteanna buiséadacha agus bainistíochta;
- tuarascálacha bliantúla sonracha ar ghníomhaireachtaí, comhlachtaí díláraithe agus comhghnóthais an Aontais;
- tuairimí maidir le dlíthe nua nó nuashonraithe a bhfuil tionchar suntasach acu ar an mbainistíocht airgeadais – arna iarraidh sin ag institiúid eile nó ar ár dtionscnamh féin;
- athbhreithnithe, ina dtugtar tuairisc nó faisnéis ar bheartais, ar chórais, ar ionstraimí nó ar thopaicí níos fócasaithe.

## Sracfhéachaint ar an gcur chuige iniúchóireachta dár ráiteas dearbhaithe

Tá na tuairimí inár ráiteas dearbhaithe bunaithe ar fhianaise oibiachtúil a fhaighimid ó thástáil iniúchóireachta a dhéantar i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta.

Mar a fógraíodh i straitéis 2021-2025 uainn, leanfaimid den fhorbairt ar an gcur chuige iniúchóireachta uainn le haghaidh CAI 2021-2027 agus de shonraí agus faisnéis atá ar fáil a úsáid ionas go bhféadfaimid, bunaithe ar an sainordú atá againn faoin gConradh agus i gcomhréir go hiomlán le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta don earnáil phoiblí, leanúint de dhearbhú láidir a thabhairt.

## Beachtas na gcuntas

**An dtugann cuntais bhliantúla an Aontais faisnéis iomlán agus cruinn?**

Cruthaítear na céadta míle iontrálacha cuntasaíochta in Ardstiúrthóireachtaí an Choimisiúin gach bliain, ag tógáil faisnéise ó go leor foinsí éagsúla (lena n-áirítear Ballstáit). Seiceálaimid go bhfuil na próisis chuntasaíochta ag obair go cuí agus go bhfuil na sonraí cuntasaíochta a éiríonn astu iomlán, taifeadta i gceart agus curtha i láthair go cuí i ráitis airgeadais an Aontais.

- Déanaimid meastóireacht ar an gcóras cuntasaíochta chun a áirithiú go dtugann sé bunús maith chun sonraí beachta a tháirgeadh.
- Déanaimid measúnú ar phríomhnósanna imeachta cuntasaíochta chun a áirithiú go bhfuil siad ag feidhmiú i gceart.

- Déanaimid seiceálacha anailíseacha ar shonraí cuntasaíochta chun a áirithiú go bhfuil siad á gcur i láthair go comhleanúnach agus go bhfuil dealramh réasúnach orthu.

- Déanaimid seiceáil dhíreach ar shampla d’iontrálacha cuntasaíochta chun a áirithiú gur ann do na hidirbhearta is bun leo agus go bhfuil siad taifeadta go cruinn.

- Déanaimid seiceáil ar ráitis airgeadais chun a áirithiú go dtugann siad léargas fíorcheart ar an staid airgeadais.

## Rialtacht na n-idirbheart

**An bhfuil na hidirbhearta don ioncam agus d’íocaíocht chaiteachais is bun le cuntais an Aontais ag comhlíonadh na rialacha?**

Tá na milliúin íocaíochtaí chuig tairbhithe, san Aontas Eorpach agus sa chuid eile den domhan, i gceist le buiséad an Aontais. Tá formhór an chaiteachais seo á bhainistiú ag na Ballstáit. Chun an fhianaise atá ag teastáil uainn a fháil, déanaimid measúnú ar na córais trína ndéantar ioncam agus íocaíochtaí caiteachais (i.e. íocaíochtaí deiridh agus imréiteach airleacain) a riar agus a sheiceáil, agus scrúdaímid sampla de na hidirbhearta.

I gcás ina mbíonn téarmaí na gcaighdeán idirnáisiúnta iniúchóireachta ábhartha comhlíonta, déanaimid athbhreithniú ar na seiceálacha agus rialaithe atá déanta ag na daoine atá freagrach as buiséad an Aontais a chur chun feidhme agus déanaimid na seiceálacha agus rialaithe sin an athuair muid féin. Ar an gcaoi sin, déanaimid aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh ar bhonn na seiceálacha sin a chur san áireamh go hiomlán.

- Déanaimid measúnú ar na córais don ioncam agus don chaiteachas chun a dhéanamh amach cé chomh héifeachtach atá siad ó thaobh a chinntiú go bhfuil na hidirbhearta rialta.

- Tógaimid samplaí staitistiúla d’idirbhearta chun bunús a sholáthar do thástáil mhionsonraithe a dhéanann ár gcuid iniúchóirí. Déanaimid na hidirbhearta sa sampla a scrúdú go mion, lena n-áirítear in áitreabh na bhfaighteoirí deiridh (e.g. feirmeoirí, forais taighde nó cuideachtaí a sholáthraíonn oibreacha nó seirbhísí faoi chonradh soláthair phoiblí), chun fianaise a fháil gur ann do gach ceann de na teagmhais is bun leis na hidirbhearta sin, go bhfuil siad taifeadta go cuí agus go gcomhlíonann siad na rialacha chun íocaíochtaí a dhéanamh.

- Déanaimid anailís ar earráidí agus déanaimid iad a aicmiú mar earráidí atá inchainníochtaithe nó nach bhfuil. Déanann earráid inchainníochtaithe difear d’idirbhearta más rud é, bunaithe ar na rialacha, nár cheart an íocaíocht a bheith údaraithe. Déanaimid na hearráidí inchainníochtaithe a eachtarshuíomh chun leibhéal earráide measta a fháil do gach réimse ina ndéanaimid measúnú sonrach. Ansin, déanaimid an leibhéal earráide measta a chur i gcomparáid leis an tairseach ábharthachta de 2 % agus déanaimid measúnú féachaint an bhfuil na hearráidí forleatach.

- Déantar na measúnuithe sin agus faisnéis ábhartha eile, amhail tuarascálacha bliantúla maidir le gníomhaíochtaí agus tuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha eile, a chur san áireamh inár dtuairimí.

- Pléimid ár bhfionnachtana ar fad leis na húdaráis sna Ballstáit agus leis an gCoimisiún chun a dheimhniú go bhfuil ár bhfíricí ceart.


**Cén cur chuige agus modheolaíocht iniúchóireachta atá againn le haghaidh an ráitis dearbhaithe ar rialtacht chaiteachas RRF?**

- Tá tuairim ar leithligh á heisiúint againn ar rialtacht chaiteachas RRF mar chuid dár ráiteas dearbhaithe maidir le buiséad an Aontais. Is amhlaidh atá mar gheall go measaimid go bhfuil samhail seachadta RRF difriúil agus mar gur ionstraim shealadach atá in RRF. Leis an tuairim sin, tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnach a thabhairt maidir leis na híocaíochtaí, agus faisnéis mhionsonraithe bunaithe ar an tuairim sin a thabhairt sa ráiteas dearbhaithe (féach ***Fíor 35***).

- Tá an chuid is mó dár ndearbhú á dhíorthú againn as tástáil shubstainteach agus as an measúnú ar na córais mhaoirseachta agus rialaithe. Is comhlánú ar ár ndearbhú iad na TBGanna agus TBBF, agus freisin tuarascálacha ón tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach.

- Tá ár gcuid oibre ag teacht leis na caighdeáin idirnáisiúnta iniúchóireachta agus áirithíonn sí go bhfuil fianaise iniúchóireachta leordhóthanach agus iomchuí ag gabháil mar thaca lenár dtuairimí iniúchóireachta.

## Fíor 35 – Tuairim iniúchóireachta




*Foinse:* CIE.



*Foinse:* CIE.

*Tá ár gcuid táirgí ar fad foilsithe ar ár suíomh gréasáin ag* ***www.eca.europa.eu****.*

## CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2025

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi Cheadúnas Admhála Idirnáisiúnta *Creative Commons* 4.0 (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine a bhaineann athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

### I gcás na bpictiúr seo a leanas, déantar athúsáid a údarú ar choinníoll go ndéantar sealbhóir an chóipchirt, an fhoinse agus, má tá siad luaite, ainmneacha na ngrianghrafadóirí a thabhairt le fios:

Lch. 4: © An tAontas Eorpach, 2023, foinse: Cúirt Iniúchóirí na hEorpa/Sophie Margue.
Lch. 81: © An tAontas Eorpach, 2025, foinse: Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Ailtirí na bhfoirgneamh: Paul Noël (1988) agus Jim Clemes (2003 & 2013).

**Má táthar ag iarraidh ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh, d'fhéadfadh sé go gcaithfí cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt:**

Dearadh Fíor 13 trí dheilbhíní a úsáid ó Flaticon.com. © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.
Lch. 16: © InfiniteFlow, stock.adobe.com.
Lch. 35: © Funtap, stock.adobe.com.
Lch. 39: © K.Mongkol, stock.adobe.com.
Lch. 45: © elgreko, stock.adobe.com.
Lch. 50: © Worawut, stock.adobe.com.
Lch. 54: © Maryna, stock.adobe.com.
Rinneadh Fíor 30 a dhearadh trí úsáid a bhaint as deilbhíní ó Flaticon.com (an tríú, an ceathrú agus an cúigiú deilbhín ó chlé). © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint.
Lch. 75: © paryati, stock.adobe.com.
Rinneadh Fíor 35 a chruthú trí úsáid a bhaint as deilbhíní ó Flaticon.com (in uachtar ar chlé agus an dá dheilbhín in íochtar). © Freepik Company S.L. Gach ceart ar cosaint. Tá an deilbhín den ghiar modhnaithe ag CIE, © Ramziia, stock.adobe.com.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin institiúideacha an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.

## MODH TAGARTHA

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, 'Iniúchadh AE i mbeagán focal 2024', Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| PRINT | ISBN 978-92-849-5622-7 | ISSN 2812-1546 | doi:10.2865/8446090 | QJ-01-25-046-GA-C |
| PDF | ISBN 978-92-849-5621-0 | ISSN 2812-1538 | doi:10.2865/2855282 | QJ-01-25-046-GA-N |
| HTML | ISBN 978-92-849-5620-3 | ISSN 2812-1538 | doi:10.2865/1457248 | QJ-01-25-046-GA-Q |

## Focal i dtaobh ‘Iniúchadh AE 2024 i mbeagán focal’

**Tugann ‘Iniúchadh AE 2024 i mbeagán focal’ forléargas ar thuarascálacha bliantúla 2024 uainn maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus maidir leis an gCiste Eorpach Forbraíochta, ina ndéanaimid ár ráiteas dearbhaithe i dtaobh bheachtas na gcuntas agus dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart is bun leo a chur i láthair. Tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta clúdaithe freisin againn san obair a rinneamar, agus tá tuairim ar leithligh tugtha againn ar dhlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais a ghabhann leis an tSaoráid sin. In ‘Iniúchadh AE i mbeagán focal’, tugtar cuntas freisin ar na príomhfhionnachtana atá againn maidir leis an ioncam agus maidir leis na príomhréimsí caiteachais faoi bhuiséad an Aontais agus faoin gCiste Eorpach Forbraíochta, chomh maith le fionnachtana a bhaineann le bainistiú buiséadach agus airgeadais.**

**Tá téacs iomlán na dtuarascálacha le fáil ag eca.europa.eu.**

**Is í Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) iniúchóir seachtrach neamhspleách an Aontais. Tugaimid rabhadh i dtaobh rioscaí, soláthraímid dearbhú iniúchóireachta, tarraingímid aird ar easnaimh agus dea-chleachtais, agus tugaimid treoraíocht do lucht déanta beartais agus reachtóirí an Aontais ó thaobh feabhas a chur ar bhainistiú bheartais agus chláir an Aontais. Tríd an obair a dhéanaimid, déanaimid deimhin de go mbíonn a fhios ag saoránaigh na hEorpa cén chaoi a bhfuil a gcuid airgid á chaitheamh.**

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh